




Ag Cur na hAthléimneachta Chun Cinn

Tuarascáil Bhliantúil 2020



Ag Cothú Fiontair agus ag Coinneáil an Phobail Slán.



I ndomhan atá faoi thionchar athruithe móra i gcúrsaí aeráide, sláinte, gnó, teicneolaíochta, agus pobail-tá tábhacht ar leith anois le bheith solúbtha, tacúil, agus nuálach. I gcaitheamh na bliana seo caite, bhí NSAI thar a bheith gnóthach ag cur creat tacaíochta le chéile le cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí dul i ngleic le tionchair agus le dúshlán dhá fhórsa mhóir athraithe, COVID-19 agus an Breatimeacht, rud a thacaigh le barr feabhais an ghnó agus le muinín an phobail.



Bíonn gá le freagraí nua agus difriúla i ndomhan atá ag athrú. Le linn 2020, chuireamar ár n-eagraíocht féin in oiriúint, chuamar i dtaithe ar theicneolaíochtaí nua agus ar mhodhanna nua oibre le cinntiú go leanfaimis ar aghaidh ag soláthar iniúchtaí, teastas agus caighdeán chomh maith agus atá ar ár gcumas – a chabhraíonn linn glacadh le hathrú, tacaíocht a thabhairt d’fheidhmiú tionsclaíochta, agus muinín an phobail a threisiú.

SRACFHÉACHAINT AR 2020

1,349

CAIGHDEÁIN NUA FOILSITHE

8CAIGHDEÁIN ÚRA ÉIREANNACHA
CRUTHAITHE

224,762CAIGHDEÁIN A NAMHARCADH ORTHU
NÓ A ÍOSLÓDÁLADH

354

CRUINNITHE COISTÍ A REÁCHTÁLADH

4,026RANNPHÁIRTÍOCHT TRÍ 'YOUR
STANDARDS YOUR SAY'

1,768

COMHALTAÍ COISTE

1,169CÓRAIS BHAINISTÍOCHTA
AR GLACADH LEO

4,665

CALABRUITHE UIRLISÍ TOMHAIS

13,608UIRLISÍ TOMHAIS A SCRÚDAÍODH
I MBUN OIBRE

188

CEADUITHE TÁIRGÍ GLÉASANNA LEIGHIS

8,156

CEADUITHE TÁIRGÍ MÓTARFHEITHICLE

2,508ÁITREABH AR THUG MÉADREOLAÍOCHT
DHLÍTHIÚIL CUAIRT ORTHU

402LÍON DAOINE A D'FHREASTAIL AR
SHEIMINEÁIR GHRÉASÁIN

2,497LUCHT LEANÚNA NUA AR NA
MEÁIN SHÓISIALTA

CLÁR NA nÁBHAR

NSAI á chur i láthair	4
Ár Misean, Ár nAisling	5
Léargas an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin	6
Freagra COVID-19	11
Breathimeacht	12
Gníomhaíochtaí	
Caighdeán	13
Méadreolaíocht	17
Deimhniúchán	22
NSAI Inc	27
Ráitis maidir le Rialacháin agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	30
Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite	45

NSAI

RÉAMHRÁ

Is í NSAI eagraíocht oifigiúil na hÉireann maidir le caighdeáin, agus tá cúram aici seirbhísí a chur ar fáil ar mhaithe le caighdeánú, measúnú comhréireachta agus tomhas. Is í ár bpríomhaidhm ná feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar fheidhmíocht ghnólachtaí na hÉireann agus muinín tomhaltóirí a threisiú trí chaighdeánú.

Táimidne freagrach as ceithre cinn as cúig mhórchuid de chreat trádála, trí chaighdeán a fhorbairt, trí ghléasanna tomhais a úsáidtear i mbun oibre a scrúdú, trí iniúchtaí a dhéanamh, agus trí theastais a thabhairt amach ar chaighdeáin earraí, seirbhísí, agus tomhas a chur i bhfeidhm.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí deimhnithe ar fáil, rud a chuireann ar chumas gnólachtaí agus eagraíochtaí a léiriú go bhfuil a gcuid earraí agus seirbhísí ag teacht le hardchaighdeáin idirnáisiúnta.

Cabhraíonn ár gcuid seirbhísí leis an trádáil a chur chun cinn, an tomhaltóir a chosaint, agus a chinntiú gur féidir brath ar earraí agus ar sheirbhísí Éireannacha, ní hamháin anseo ach ar fud an domhain.

Conas a bhainimid ár gcuid spriocanna amach

- Úsáid chaighdeán a chur chun cinn ar fud earnáil na tionsclaíochta
- Caighdeáin, treoracha, moltaí, agus cóid chleachtais d'earnálacha tionsclaíochta a chur le chéile
- Rannpháirtíocht an tionscail a spreagadh agus a éascú i bhforbairt chaighdeán ag leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta
- Deimhniúchán atá aitheanta go hidirnáisiúnta a thabhairt do ghnólachtaí le haghaidh táirgí, próiseas nó cleachtas
- Rochtain an tionscail ar chaighdeáin idirnáisiúnta tomhais inrianaithe a choimeád agus a chinntiú
- Seirbhísí calabraithe tomhais atá thar a bheith cruinn a sholáthar
- Maoirseacht a dhéanamh ar thomhais agus ar na huirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil



Ár Misean

Mar phríomheagraíocht na hÉireann maidir le seirbhísí caighdeánaithe, deimhnithe, agus tomhais, cothaíonn NSAI an timpeallacht ghnó is oiriúnaí le haghaidh na trádála agus na nuálaíochta trí bharr feabhais agus saineolas a bhaint amach maidir le soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán.

Ár bhFís

Go n-áireofar sinn mar phríomhsholáthraí saineolais na hÉireann maidir le caighdeáin, deimhniúcháin agus tomhais den chéad scoth, chun trádáil a éascú agus chun tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe.

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Cianobair

In 2020, tharla sé gur éirigh an chumarsáid ní ba thábhachtaí ná mar a bhí riamh cheana d'eagraíochtaí ar fud an domhain. De réir mar a bhog pearsanra a gcuid oibre i dtreo an bhaile, d'éirigh an gréasán digiteach fóorthábhachtach, ní hamháin maidir le cúrsaí oibre ach maidir le cúrsaí sóisialta chomh maith. Mar thoradh air sin, bhí an t-uasghrádú a rinneadh ar Thairseach Bhaile na heagraíochta an-tráthúil go deo. Cuireann an Tairseach nua ardán ar fáil do chumarsáid agus cabhraíonn sé le baill foirne fanacht i dteagmháil lena chéile le heolas nua eagraíochta agus fógraí a roinnt, agus ina theannta sin, le roinn folláine foirne a óstáil.



CATHAOIRLEACH & POF LÉARGAS

Ní haon áibhéil a rá nárbh ionann 2020 agus aon bhliain eile. Thosaíomar an bhliain agus sinn ar bís mar a bhíonn de ghnáth le beart a dhéanamh de réir ár mbriathar ar son riachtanas an ghnó maidir le forbairt chaighdeáin, deimhniúchán, agus méadreolaíocht.

Go deimhin, d'éirigh go han-mhaith ar fad linn sa chéad cheathrú, sa chaoi gur bhaineamar amach dhá chloch mhíle don údarás. An chéad cheann acu seo ná gur ainmníodh NSAI don Treoir maidir le Feistí Leighis (MDR) ar an 13ú Feabhra, agus an dara ceann ná foilsíú na Rialacha nua Náisiúnta um Sreangú, I.R. 10101 go luath i mí an Mhárta.

É sin ráite, ba léir agus lár mhí an Mhárta buailte linn go mbeadh an-tionchar ar fad ag COVID-19 orainn mar thír, fiú agus í díreach tagtha chun an oileáin, ag déanamh díobhála go forleathan don tsochaí agus do gheilleagar an domhain.

Chruthaigh teacht COVID-19 dúshlán ar leith do gach eagraíocht, údaráis stáit cosúil linn féin san áireamh. An chéad sprioc a bhí ag NSAI ná leanúint ar aghaidh le soláthar ár gcuid seirbhísí, rud a rinneamar go mór trí sheirbhísí ar an láthair a aistriú go timpeallacht chianoibre. D'fhorbair NSAI polasaithe agus d'athraigh sé cleachtais i ndiaidh dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara tábhachtacha lena chinntiú go gcoinneofar le seirbhísí a bhí riachtanach d'acmhainneacht, feidhmiúcháin, agus trádáil gnólachtaí Éireannacha a chur ar fáil.

Solúbthacht

Bhí ar NSAI, mar aon le heagraíochtaí stáit eile, déileáil le tasc nach raibh ann riamh cheana: is é sé sin le rá, aistriú go dtí an chianobair chomh tapa is ab fhéidir, agus ag cumadh as an nua bealaí le gnó a dhéanamh i dtimpeallacht fhíorúil, rud a chuirfeadh ar ár gcumas streachailt chun ár bpríomh-spríocanna a bhaint amach. D'éirigh linn é seo a dhéanamh beag nó mór gan stró, agus i dtréimhse ghairid ama. Bhíomar in ann seo a

dhéanamh mar gheall ar chomhoibriú ár bhfoirne ina hiomláine, na foirne TE agus AD ina measc, a ghluais go tapa lena chinntiú go mbeadh formhór na n-oibrithe in ann a gcuid oibre a dhéanamh ó chian, rud a chiallaigh go raibh ár gcuid seirbhísí in ann leanúint ar aghaidh gan an iomarca cur isteach. Fós féin, ní féidir gach seirbhís a chuirimid ar fáil a dhéanamh tríd an gcianobair, agus trí nuálaíocht agus tiomantas bhí na foirne againn i Saotharlann Náisiúnta na Méadreolaíochta agus na Méadreolaíochta Dílíthiúla in ann prótacail a chur i bhfeidhm le go mbeadh seirbhísí riachtanacha tomhais ar fáil go leanúnach d'earnálacha tábhachtacha gnó, fós ag teacht le srianta COVID agus le treoirlínte an rialtais.

Freagra Náisiúnta ar COVID-19

Go luath sa ghéarchéim, chuir an Rialtas ceist orainn cabhrú leis an bhfreagra náisiúnta níos leithne le cúnamh a thabhairt do sheirbhísí gnólachtaí riachtanacha agus gnólachtaí tacaíochta an fód a sheasamh i gcoinne thionchar na paindéime. Mar údarás de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, bhíomar ag súil go mbainfeadh gnólachtaí leas as ár n-eolas agus ár saineolas le teacht ar ais ón ngéarchéim go slán sábháilte. Baineadh leas as acmhainní daonna NSAI le treoirleabhair a fhoilsiú a chuir bealaí córasacha ar fáil do ghnólachtaí le teacht ar ais ón bpaindéim de réir mar a mhaolaítear na srianta.

Cuireadh amach agus úsáideadh na treoirleabhair agus na prótacail seo go forleathan ó mhí Aibreáin 2020. Cuireann acmhainní ar nós Treoirleabhar Cosanta agus Feabhais an Ionaid Oibre teoracha praiticiúla ar fáil maidir leis an tslí is fearr bainistiú a dhéanamh ar leanúnachas gnó agus an pháindéim COVID-19 fós ag scaipeadh, agus ag déileáil le priacail atá ann d'oibrithe agus don phobal.

Chomh maith leis sin, thug gnólachtaí éagsúla, idir ionaid bheaga mhiondíolacháin agus ollmhargaí móra aird ar ár dTreoirleabhar um Chosaint agus Feabhsú Miondíola le cabhrú leo iad féin a ullmhú chun a gcuid áitreabh a oscailt sa chaoi go mbeidh siad sábháilte d'oibrithe agus do chustaiméirí araon.

D'oibríomar lena chéile lenár gcomhghleacaithe san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) le doiciméid thacaíochta a chur ar fáil le cúiteamh a thabhairt do ghnólachtaí an Prótacal éigeantach Filleadh ar an Obair go Sábháilte a chur i bhfeidhm, rud atá riachtanach do gach áit oibre, pé ról atá aici sa gheilleagar.

Mar fhreagra ar an ngéarghá a bhí le trealamh leighis, chuir NSAI le chéile agus d'fhoilsigh sé teoracha ar Dhéanamh agus ar Iompórtáil TCP agus Gléasanna Leighis, agus chuir sé riachtanais shonraíochta le chéile le maisc bhacainne a dhéanamh don phobal. Bhí luach ar leith ag baint leis an riachtanas SWIFT 19:2020 do chomhlachtaí a chuir a gcuid línte táirgthe chun leasa ar mhaithe le COVID-19 a throid.

Nuair a tháinig mí Iúil, d'fhoilsíomar Treoirleabhar Téarnaimh COVID-19 na nIonad Siopadóireachta. Glacadh go toilteanach agus go forleathan leis an gcáipéis seo, agus ionaid shiopadóireachta ar fud na tíre ag déanamh a ndícheall bearta a chur i bhfeidhm le go mbeadh siad in ann athoscailt go sábháilte.

Cuireadh línte cabhrach agus seirbhísí tacaíochta ar bun le go mbeadh daoine in ann glaoch a chur ar ár bhfoireann sár-oilte agus labhairt leo, a bhfuil an-taithí acu maidir le caighdeánú agus iniúchtaí a dhéanamh. Coinnítear gach treoir atá againn faoi athbhreithniú gníomhach, agus déantar uasdátú orthu chun go mbeidís oiriúnach d'eolas nua a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar bhearta sábháilteachta agus prótacail.

Tionscnaimh Roinnte Eolais

Thosaigh NSAI ar an gcianobair dá ngníomhaíochtaí, ócáidí, agus for-rochtain mí Márta 2020. De thoradh air sin, bhunaíomar ár nIonad Foghlama ar líne. Is roinn í seo dár suíomh gréasáin a bhfuil sí mar phríomhaidhm aici eolas a sholáthar do chuirteoirí faoin gcineál seirbhísí a tháirgeann ár n-eagraíocht. Is anseo a choinnítear léiriúcháin físeán agus ailt inmheánacha. Chruthaíomar chomh maith sraith seimineár gréasáin maidir le topaicí faoin mBreathimeacht, a raibh ár bhfoireann Bhreathimeachta agus aoichainteoirí ó earnáil na tionsclaíochta páirteach ann. Tá fáil ar na taifid seo tríd an Ionad Foghlama.

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Gradaim Ghnólachtaí Beaga SFA

In 2020, chothaigh agus thacaigh NSAI leis an earnáil FBM in Éirinn trína chuid seirbhísí. Tá áthas orainn go háirithe gur thacaíomar le Gradaim Ghnólachtaí Beaga an Small Firms Association i rith na bliana. Mar urraitheoirí ar chatagóir na déantúsaíochta, bhí teagmháil ag NSAI le hainmnithe ó gach cearn den tír, agus b'ábhar áthais dúinn é comhghairdeas a dhéanamh le KORE, comhlacht deimhnithe de chuid NSAI, ní hamháin as an gcatagóir a bhuachan ach as an phríomhdhuais a thabhairt leo, 'Gnóthas Beag na Bliana.'



An Todhchaí Dhigiteach

Leagann Straitéis Thionsclaíochta Náisiúnta an Rialtais 4.0 sraith spriocanna ardaidhmeannacha amach don chéad cheithre bliana eile. Fógraítear sa straitéis go mbeidh Éire mar mhol déantúsaíochta iomaíoch, nuálach, faoi 2025, agus í chun tosaigh ag forbairt agus Tionsclaíocht 4.0. á cur i bhfeidhm aici. Lárnach mar chuid den mhóráthru seo, beidh teicneolaíochtaí nua digiteacha i réimsí cosúil le Blockchain, intleacht shaorga, cosaint sonraí, agus déantúsaíocht fhorásach.

Trína chuid Coistí Caighdeán, a mbeidh ionadaíocht fhorleathan orthu ón tionscal, tá NSAI tiomanta le tacú le FBManna ina n-aistriú digiteach agus le forbairt chaighdeán a chur chun cinn ar mhaithe leis an todhchaí dhigiteach. Sa chomhthéacs seo, ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh le Fiona Delaney, ball den Choiste Teicniúil agus bunaitheoir Origin Chain Networks, a ghnóthaigh duais ag na Gradaim 2020 CEN agus CENELEC ‘Caighdeán+Núálaíocht’ mar gheall ar an méid a rinne sí do chaighdeán Eorpacha agus idirnáisiúnta an Blockchain.

In 2020, cuireadh ceist ar NSAI Ardfhoireann Rialtas na hÉireann maidir le Caighdeán IS a stiúradh. Cuireadh an fhoireann seo ar bun le deiseanna a thapú a cuireadh ar fáil mar gheall ar athruithe teicneolaíochta agus mar gheall ar an athrú chuig geilleagar ísealcharbóin. Is cuid í seo den Straitéis náisiúnta um IS níos leithne, a bhfuil sé mar sprioc léi a chinntiú go mbaineann ionaid taighde, gnóachtaí, agus an earnáil phoiblí leas as teicneolaíochtaí IS le táirgiúlacht agus folláine a threisiú.

Gníomhaíocht ar son na hAeráide

D’fhoilsigh an Rialtas an Bille (Leasú) um Gníomhaíocht Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin i mí Dheireadh Fómhair 2020. De réir théarmaí an Bhille, tá dualgas dlíthiúil orainn a chinntiú gur geilleagar athléimneach agus neodrach ó thaobh na haeráide de a bheidh i bhfeidhm faoi 2050. Geallann an Clár um Rialtas laghdú 7% ar an meán ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh na bliana don chéad deich mbliana eile, agus geallann sé ina theannta sin astaíochtaí neodracha ó thaobh gáis ceaptha teasa faoi 2050.

Tá NSAI ag déanamh a dhíchill na hastaíochtaí a laghdú trí thacú le gníomhaíochtaí ar an slabhra soláthair le haghaidh foinsí inathnuaite fuinnimh, aiseifeistiú tithe, agus oiriúnú don aeráide. Bíonn an roinn Inbhuanaitheachta agus Timpeallacht Thógtha againn ag obair go leanúnach i gcomhar leis an Roinn Tithíochta maidir le cosaint radóin, foirgnimh neodracha ó thaobh fuinnimh de, aeráil agus forbairt chuid L de na rialacháin foirgníochta. Ag an am céanna, tá forbairt á déanamh ar Mholtaí Caighdeánacha maidir le painéil PV le haghaidh áiteanna cónaithe, agus tá súil againn go dtosófar ar comhairliúcháin leis an bpobal faoi shamhradh 2021. Cinntíonn na scéimeanna seo agus na comhoibreacha eile seo leis an Údarás um Chumhacht Inathnuaite (SEAI), maidir le réimsí éagsúla lena n-áirítear Múnlú Theirmeach, Aerdhíonachas agus Feidhmíocht Fuinneog ó thaobh Fuinnimh de, go mbeidh tacaíocht leanúnach ann don pholasaí gníomhaíochta aeráide atá ag an Rialtas.

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Foilsíú an Ionaid Foghlama

Thosaigh NSAI, cosúil le neart eagraíochtaí eile, ar an gcianobair dá ngníomhaíochtaí, ócáidí, agus dá gcuid for-rochtana i mí an Mhárta 2020. De thoradh an athraithe dhigitigh seo, foilsíodh ár nIonad Foghlama ar líne. An aidhm atá ag an gcuid seo dár suíomh idirlín ná oiliúint a chur ar chualairteoirí atá ag teacht isteach de réir a chéile ar an tábhacht a bhaineann le caighdeán agus le deimhniúcháin i gcomhthéacs a n-eagraíochtaí.



Tá tús curtha chomh maith le hobair chaighdeánaithe dírithe ar an ngeilleagar ciorclach, agus tá páirt glactha ag NSAI cheana féin san obair seo le cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí dearadh agus déantúsaíocht a chur in oiriúint don gheilleagar ciorclach. Leagann caighdeán nua Eorpach EN 50614: 2020, “Riachtanais ullmhúcháin le haghaidh athúsáid fuílleach táirgí leictreacha agus leictreonacha,” céimeanna amach ar gá a leanúint chun táirgí leictreonacha a bhí caite amach ag tomhaltóirí a chur in oiriúint don athdhíol agus don athúsáid.

Dul chun Cinn sa Mhéadreolaíocht

I rith 2020, choinnigh NML a ndoirse ar oscailt agus chuir siad seirbhísí riachtanacha tomhais ar fáil do thionscail Éireannacha agus srianta na paindéime COVID-19 i réim. Bhí an-éileamh ar sheirbhísí calabraithe NML i rith na bliana, mar a bhí go dtí seo, agus chuir an tsaotharlann amach breis is 4,600 teastas calabraithe. Cé nach raibh na deiseanna céanna ar fáil le cúrsaí traenála inmheánacha a reáchtáil, fós féin thug NML 12 chúrsa do 21 comhlacht, a raibh 6 cinn acu siúd ar líne.

I rith 2020, tháinig forbairt as cuimse ar chumas NML Am & Minicíocht a chalabrá, os rud é gur ghlac Roinn Ama an Bhiúró Idirnáisiúnta Meáchain & Tomhais leis an bpríomhchaighdeán minicíochta caeisiam aici mar chlog adamhach a chuidíonn leis an Am Idirnáisiúnta Adamhach agus leis an Am Comhchoiteann Comhordaithe trí Chiorclán T 394 a ríomh.

Ghnóthaigh NML Gradam Saotharlainne na Bliana ó thaobh an Chalabraithe/na Tástála de ag Gradaim na Saotharlann Éireannach in 2020, rud a léiríonn tábhacht NML don earnáil.

Seirbhísí Feistí Leighis Feabhsaithe

Go luath in 2020, faomhadh Roinn na bhFeistí Leighis ag NSAI le haimniú mar chuid de Rialacháin an Aontais Eorpaigh maidir le Feistí Leighis (MDR). Tar éis dhá bhliain go leith a chaitheamh ag iarraidh an ceapachán seo a bhaint amach, ba í NSAI an 11ú eagraíocht ar domhan a ceapadh le bheith mar chuid de na rialacháin nua. Feictear mar ráiteas mhór tacaíochta an éacht seo, agus feictear chomh maith í mar aithint dhomhanda don eagraíocht seo mar an t-aon chomhlacht a dtugtar fógra dó in Éirinn i roinn na teicneolaíochta leighis.

Chomh maith leis seo, bhain NSAI aitheantas amach mar ‘eagraíocht iniúchta’ faoin gClár Iniúchadh Singil na bhFeistí Leighis (MDSAP). Tá NSAI ar cheann de 14 eagraíocht deimhniúcháin ar domhan a bhfuil na scileanna, an saineolas, agus an cumas aici déantóirí feistí leighis a dheimhniú.

NSAI agus an Breatimeacht

Thug NSAI tacaíocht riachtanach don rialtas agus Feachtas Réitiúcháin na hÉireann don Bhreatimeacht á chur le chéile in 2020. An tasc atá ag Roinn an Bhreatimeachta ná scrúdú a dhéanamh ar na rioscaí agus ar na deiseanna atá ann do ghnólachtaí maidir le deimhniúchán táirgí agus cur i bhfeidhm chaighdeán AE, ISO, agus Briotanacha théis an Bhreatimeachta.

Rinneadh forbairt ar eolas agus ar chreataí tacaíochta le cuidiú le gnólachtaí Éireannacha iad féin a ullmhú le tionchar an Bhreatimeachta a mhaolú, lena gcuid slabhraí soláthair a chosaint, agus leis an teacht atá acu ar mhargaí an RA a chaomhnú. I rith na bliana 2020, d'fhorbair an fhoireann freagraí ar Cheisteanna a Chuirtear go Minic maidir le Trealamh Leictreonach, Feistí Leighis, agus Deimhniúchán Táirgí. Cuireadh líne theileafóin i bhfeidhm le haghaidh Roinn an Bhreatimeachta in NSAI; chuir foireann NSAI taispeántais i láthair ag réimse leathan imeachtaí seachtracha Breatimeachta; agus d'eagraigh siad sraith seimineár gréasáin Breatimeachta i rith an fhómhair, ar fhreastail breis is 650 duine orthu ar an iomlán.

Fócas as Seo Amach

Agus deireadh tagtha leis an straitéis atá ag NSAI ag deireadh 2020, tá tús curtha leis an bpróiseas le straitéis nua a fhorbairt. Beidh an Coiste agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin i gceannas ar an bpróiseas seo, i gcomhairliúchán leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) agus ag déanamh teagmhála mar is cuí le páirtithe tábhachtacha leasmhara.

I gcomhthéacs an Bhreathnaithe, an teacht ar ais ón bpaindéim, an athraithe dhigitigh, agus na tábhachta leasaithe atá leis an gclár glas, cuirfidh an straitéis seo leis an tionchar agus an dul chun cinn atá déanta ag NSAI, rud a chothaíonn athléimneacht, nuálaíocht, agus fás as seo amach ar ghnó na hÉireann agus a chuireann feabhas ar cháilíocht saoil shochaí na hÉireann.

Is tábhachtach a shonrú go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an tírdhreach ó thaobh an gheilleagair de, agus níl amhras ar bith ann ach go mbeidh tionchar aige seo ar threo na straitéise sna míonna agus sna blianta atá romhainn amach. Gan trácht ar na dúshláin shuntasacha agus an éiginnteacht atá os ár gcomhair, táimidne ag tnúth le obair a dhéanamh chun tacú le gnóilachtaí Éireannacha agus iad ag súil le glacadh le caighdeáin agus iad a chuir i bhfeidhm lena gcuid spriocanna a bhaint amach.

Buíochas

Ba mhaith linn ár mbuíochas a léiriú don fhoireann NSAI anseo agus i Meiriceá, a léirigh an-acmhainneacht ar fad i rith 2020, rud a chinntigh gur leanamar orainn ag baint amach torthaí ar fheabhas ar fad. Ba mhaith linn freisin buíochas a léiriú le Baill an Choiste, agus chomh maith Baill an Choiste atá ag dul as oifig. Ba mhaith linn ach go háirithe buíochas speisialta a ghabháil le hiar-Chathaoirleach NSAI, Ann Riordan, a cailleadh go brónach i mí Márta 2021 ann. Ceannródaí ba í Ann do mhná i gcomhlachtaí na hÉireann, agus bhí an-bhua ar fad aici mar cheannaire.


Breacaimid síos anseo chomh maith ár mbuíochas don iliomad ball coiste agus saineolaithe tionsclaíochta as an dtiomantas leanúnach atá acu d'obair an chaighdeánú, rud a chabhraigh clú na hÉireann ar ardáin an domhain a threisiú.

Ba mhaith linn ina theannta sin buíochas a ghabháil dár gcomhghleacaithe sa Roinn Fiontar, Trádála, agus Fostaíochta, ina measc an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála, agus Fostaíochta, Leo Varadkar, agus an tAire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol, Damien English. Táimid buíoch go maith as an dtacaíocht leanúnach a léiríonn siad dúinn.

Ar deireadh, i gcomhréir le forálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI), 1996, thar ceann an Bhoird agus an Údaráis, cuirimid i láthair an Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020.



JAMES KENNEDY
Cathaoirleach



GERALDINE LARKIN
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Freagra COVID-19

Mar údarás de chuid na Roinne Fiontar, Trádála, agus Fostaíochta, agus mar Eagraíocht Náisiúnta Caighdeán na hÉireann, d'fhág an Rialtas ag NSAI é tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí riachtanacha agus sraith treoirleabhar a chur le chéile le haghaidh roinnt earnálacha ar imir scaipeadh COVID-19 tionchar díreach orthu. Trí leanúint ar aghaidh ag soláthar a chuid seirbhísí, bhí NSAI ábalta go maith tacaíocht a thabhairt do na gnólachtaí sin a bhí páirteach sa fhreagra náisiúnta COVID. Sa chomhthéacs seo, cuireann an Pacáiste Freagra COVID-19 réimse leathan Caighdeán Soláthair Leighis ar fáil saor in aisce.

An toradh a bhí ar an bhfreagra a bhí ag NSAI ná cur le chéile sraith cáipéisí agus prótacal do theacht ar ais an ghnó a foilsíodh agus ar baineadh leas astu go forleathan ó mhí Aibreán 2020. An chúis atá ann lena leithéidí d'acmhainní a chur le chéile ná cúiteamh a thabhairt do ghnólachtaí móra agus beaga is beag acmhainneacht a chothú ina gcuid struchtúr, chun sláinte a n-oibrithe mar aon leis an bpobal a chosaint, agus le leanúint ar aghaidh le gnó pé áit is féidir.

Ba ghá comhoibriú idir údaráis dhifriúla chun cáipéisí treoir cuimsitheacha a chur amach i spás chomh gairid, agus, le cabhair ár gcomhghleacaithe in údaráis a leithéidí mar FSS, Fiontar na hÉireann, an IDA, CCPC, mar aon le páirtithe leasmhara eile san earnáil phoiblí, bhí NSAI in ann tabhairt faoin dúshlán seo. D'oibrigh an eagraíocht le comhghleacaithe san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) le cáipéisí tacaíochta a chur ar fáil le cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí an Prótacal Éigeantach Filleadh ar an Obair go Sábháilte a chur i bhfeidhm, rud atá riachtanach i gcás gach áit oibre, pé ról atá acu sa gheilleagar.

Bhí ar fáil sa mhéid a foilsíodh:

- 1. Treoirleabhar ar Chosaint agus Feabhsú Áit Oibre**
Comhdhlúthú a dhéanamh ar an gcomhairle phraiticiúil a bhí ar fáil maidir le hoibrithe agus leis an bpobal a chosaint i rith phaindéim COVID-19.
- 2. Treoirleabhar ar Chosaint agus Feabhsú Miondíola**
Treoirleabhar cuimsitheach a chuireann ar chumas comhlachtaí miondíola a bhfoirgnimh a athoscailt sa chaoi go mbeidh sé sábháilte d'oibrithe is do chustaiméirí araon.
- 3. Treoir Cosaint agus Teach ar Ais d'Ionaid Siopadóireachta**
Treoirlínte d'ionaid shiopadóireachta agus iad ag tógáil ar ais a gcuid gnó théis dúnadh síos mar gheall ar phaindéim COVID-19.
- 4. Treoir ar Dhéantúsaíocht agus Iompórtáil PPE agus Feistí Leighis**
Lena chinntiú go gcloítear leis an gcreat dlíthiúil atá ag an AE i rith phaindéim COVID-19.
- 5. SWIFT 19:2020 Maisc do thomhaltóirí - riachtanais**
Sonraíocht atá bunaithe ar theacht le chéile do mhaisc nach bhfuil ar chaighdeán leighis nó TPC don phobal i gcoitinne. Ba leasmhar ach go háirithe an riachtanas do chomhlachtaí a chuir a gcuid línte táirgthe chun úsáide ar mhaithe le COVID-19 a throid.
- 6. Lochtanna sa Scagthástáil Infridhearg don Fhiabhras**
Tuarascáil ag piocadh amach na deacrachtaí a bhaineann le scagthástáil infridhearg d'fhiabhras a úsáid le cosaint i gcoinne COVID-19.

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Treoir COVID-19

Mar eagraíocht a bhfuil an-chuid saineolais ar fad aici, chomh maith le taithí chuimsitheach ar cháipéisí a scríobhadh bunaithe ar theacht le chéile, bheifí ag súil go gcuirfeadh NSAI Treoir Ghnó le chéile d'eagraíochtaí atá ag streachailt chun leanúnachais i rith phaindéim COVID-19. Sa treoir a cruthaíodh, rinneadh acmhainn údarásach do NSAI do ghnólachtaí Éireannacha a bhí ag déileáil le topaicí lena n-áirítear iad seo a leanas, bainistíocht riosca, TPC, agus rialuithe a bhí dian ó thaobh an tsláinteachais de.



BREATIMEACHT

Cuireadh ar bun in 2018 an Roinn Breatimeachta NSAI le tacú le gnólachtaí Éireannacha tionchar an Bhreatimeachta ar dheimhniúcháin táirgí agus caighdeán a mhaolú. I rith 2020, chuir an Roinn Breatimeachta anailís agus comhairle chomhordaithe theicniúil ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le deimhniúcháin táirge agus faireachas margaidh. Thacaigh an fhoireann Bhreatimeachta leis an rialtas agus iad ag réiteach chun Éireann a ullmhú don Bhreatimeacht, ag aithint Marcáil CE, tabhairt isteach an mhaire nua UKCA agus an mhaire nua CE UK (TÉ).

Chuir Roinn an Bhreatimeachta an Gréasán Éireannach d'Eagraíochtaí ar an Eolas ar bun in 2019. Tá 16 eagraíocht den chineál seo anois ann. In 2020, chuir an INBN trí fho-ghrúpa ar bun ar mhaithe le Tógáil, Táirgí, Trealamh Leictreonach agus Trealamh Brú Iniompartha.

Ar an 24 lá de mhí na Nollag, socraíodh an Chomhaontas Comhoibriú agus Trádáil AE-RA idir an AE agus an RA, mar aon leis an gComhaontas um Tharraingt Siar, mar chuid de sin an Prótacal ar Éireann/Thuaisceart Éireann. Chuir an Roinn Breatimeachta, mar aon le húdaráis eile i DETE, líne teiléafón tacaíochta theicniúil ar fáil i rith tréimhse na Nollag le déileáil le fadhbanna theicniúla.

Acmhainní Breatimeachta

Mar gheall ar easpa Seó Bóthair Breatimeachta agus ócáidí eile in 2020, chuir an Roinn Breatimeachta béim láidir ar bheith ag feabhsú agus ag uasdátú an eolais is déanaí ar an Tairseach Bhreatimeachta, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin NSAI. Is féidir teacht ar bhileoga eolais ar dheimhniú táirgí, tógáil, feistí leighis, agus trealamh leictreonach anseo, chomh maith le ceisteanna a chuirtear go minic faoi gach earnáil. In theannta sin, chuireamar ar fáil gach ceann dár seimineáir ghréasáin ar bhonn éilimh, agus chuireamar ar fáil chomh maith seoladh ríomhphoist, bexitunit@nsai.ie, ar mhaithe le ceisteanna aonair.

2,569

CUAIRTEANNA AR THAIRSEACH
BHREATIMEACHTA NSAI

145

CEIST THEICNIÚIL MAIDIR LEIS AN MBREATIMEACHT

656

DUINE A D'FHREASTAIL AR SHRAITH SEIMINEÁR
GRÉASÁIN BREATIMEACHTA NSAI

3

ÓCÁID TIONSCAIL

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Sraith Seimineár Gréasáin Breatimeachta

Mar fhreagra ar cheisteanna ó ghnólachtaí Éireannacha, chuir Roinn an Bhreatimeachta NSAI amach sraith sheachtainiúil seimineár gréasáin a raibh ceithre chuid ag baint léi i rith an fhómhair 2020. Mar aon leis an bhfoireann, bhí ionadaithe ó ISME, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, agus na hOifigí Fiontar Áitiúil lena gcuid tuairimí a chur in iúl ar thopaicí a leithéidí de shlabhraí soláthair, oibrítheoirí geilleagracha, agus rialacháin ar fheistí leighis agus táirgí tógála. Ba bhuaicphointe in 2020 don fhoireann an tsraith seo, agus d'fhreastail breis is 650 duine ar an tsraith.



CAIGHDEÁIN

Sainítear Caighdeán le Rialachán Eorpach (AE) Uimh. 1025/2012 mar;

Is éard is caighdeán ann ná cáipéis theicniúil a bhfuil sé i gceist léi go n-úsáidfear í mar riail, threoirline nó sainmhíniú. Tá sé ceaptha le bealach ar aontaíodh air a fháil le táirge a dhéanamh, le próiseas a bhainistiú, le seirbhís a chur ar fáil nó le hábhair a sholáthar.

Mar bhall idirnáisiúnta de na heagraíochtaí idirnáisiúnta caighdeánaithe, éascaíonn NSAI ionchur d'fhorbairt agus foilsiú caighdeán nua trí chreat coistí comhairleacha agus trí ionadaíocht Éireannach ar choistí idirnáisiúnta caighdeán. Déanann siad a gcuid obair go hoscailte agus go sofheicthe le déanamh cinnte de go bhfuil ardcháilíocht, sábháilteacht agus comhsheasmhacht chun tosaigh in aon chaighdeán nua.

Tá ról mór ag caighdeán a chinntiú go mbeidh todhchaí níos cliste agus níos inbhuanaithe ann do shaoránaigh agus do ghnólachtaí araon. Tá siad ríthábhachtach le trádáil idirnáisiúnta a éascú agus cuidiú le gnólachtaí agus eagraíochtaí tógáil, nuáil, agus dul in iomaíocht sa mhargadh domhanda.

Feictear go mbíonn buntáiste ag comhlachtaí atá chun tosaigh agus comhlachtaí nuálacha san iomaíocht mar gheall ar a bheith páirteach i bhforbairt chaighdeán, rud a chuireann ar a gcumas tionchar a imirt agus a fheiceáil roimh ré cad iad na riachtanais a bheidh le caighdeánú as seo amach.

Feictear freisin ó fhianaise go gcabhraíonn páirteachas luath agus gníomhach i bhforbairt caighdeán le gnólachtaí priacail a sheachaint agus a gcuid gníomhaíochtaí RDI a bhogadh ar aghaidh, rud a ligeann don mhargadh mór glacadh le táirgí i margaí idirnáisiúnta iomaíocha. Cuireann polasaí na hÉireann agus an AE béim ar thábhacht chaighdeán mar fhoinsé buntáistí iomaíocha do chomhlachtaí de gach cineál agus gach méid.

276

COISTE CAIGHDEÁN

1,768

COMHALTA COISTE

1,349

CAIGHDEÁN FOILSITHE

224,762

CAIGHDEÁN AR BREATHNAÍODH ORTHU AGUS/NÓ A ÍOSLÓDÁLADH

4,026

RANNPHÁIRTÍOCHT TRÍ
'YOUR STANDARDS YOUR SAY'

Acmhainneacht
Thiomnaithe:



Bogann an Fóram Caighdeán chuig an nGréasán

Ní raibh an eagraíocht in ann an Coiste Caighdeán a bhailiú le chéile go pearsanta d'Fhóram Bliantúil Caighdeán NSAI mar gheall ar shrianta COVID-19. Ina ionad sin, ar Lá Domhanda Caighdeán 2020, d'fháiltigh NSAI baill an Choiste chuig leagan ar líne den ócáid, áit a raibh siad in ann a gcuid éachtaí a aithint agus a cheiliúradh go slán. D'éirigh go maith leis an ócáid, agus bhí breis is 150 aoi ann. Bhí NSAI in ann níos mó daoine a bheith acu ag an ócáid os rud é go raibh sé ar líne.



CAIGHDEÁIN

I bhFÓCAS 2020

D'éirigh le roinn Caighdeán NSAI coinneáil leo ag obair ar chaighdeáin go leanúnach i rith phaindéim COVID-19. Le linn 2020, thacaigh Caighdeán NSAI le breis is 270 Coiste Caighdeán ina raibh ballraíocht chláráithe acu de bhreis is 1768 ball taobh amuigh den eagraíocht. Le cúpla bliain anuas, tá borradh agus éabhlóid tagtha ar an líon earnálacha gnó iontu a bhfuil caighdeáin páirteach.

Tá ról riachtanach ag caighdeáin cheana lena chinntiú go mbeidh todhchaí níos cliste agus níos inbhuanaithe ann do shaoránaigh agus do ghnólachtaí araon. I gcomhthéacs an Mhargaidh Aonair Dhigitigh, chuir an AE béim ar na réimsí seo a leanas do chaighdeánú – Slándáil Dhigiteach, 5G, Néalríomhaireacht agus IS/ Olltíomsú Sonraí. Tharla sé chomh maith go bhfuil Déantúsaíocht Bhreisithe, Róbataic, Réaltacht Fhíorúil, agus an Gheilleagar Chiorclach anois mar réimse fócais d'fhorbairt chaighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta.

Clúdaíonn ár gCoistí Sainchomhairleoireachta Caighdeáin réimsí cosúil le Múnú Eolais Tógála (BIM), Caighdeáin Áilleachta, Táirgí Leictreonacha, agus Eolaíocht na Sláinte agus na Beatha.

D'fhoilsigh NSAI 1,349 caighdeán Éireannach in 2020 i bpunann leathan réimsí teicniúla. Bhí ionchur ag NSAI go leanúnach ar straitéisí náisiúnta agus polasaithe an Rialtais trí chur chun cinn caighdeáin mar fhoinsé buntáistí iomaíocha do ghnólachtaí, chomh maith le caighdeáin náisiúnta a fhorbairt agus clár gníomhaíochta a thacaíonn le pleananna agus polasaithe atá le teacht.

An 10 gCaighdeán is Mó a Díoladh in 2020

1.	I.S. 10101	Rialacha Náisiúnta le haghaidh Suiteálacha Leictreonacha	3,653
2.	I.S. 340	Sláinteachas san Earnáil Lónadóireachta	343
3.	I.S. 3218	Córais braite dóiteáin agus aláraim d'fhoirgnimh - dearadh córais, suiteáil, coimisiúnú, seirbhísiú, agus cothabháil	301
4.	ET 101	ET 101 Rialacha Náisiúnta le haghaidh Suiteálacha Leictreonacha	292
5.	I.S. 3217	Soilsiú Éigeandála	287
6.	I.S. 813	Suiteáil gáis bhaile	263
7.	I.S. 820	Suiteáil gáis lasmuigh den bhaile	158
8.	I.S. EN ISO 9001 / ISO 9001	Córais bhainistíochta cáilíochta - Riachtanais	112
9.	I.S. EN ISO 14971 / ISO 14971	Feistí leighis - Ag cur bainistíocht riosca i bhfeidhm d'fheistí leighis	109
10.	I.S. ISO 45001 / ISO 45001	Córais bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta ceirde – Riachtanais le treoir maidir le húsáid	86

Foilsiú I.S 10101:2020

D'fhoilsigh NSAI Rialacha Náisiúnta athbhreithnithe na hÉireann maidir le Suiteáil Leictreonacha “Rialacha Sreangú” i mí an Mhárta 2020. Is í an cháipéis seo an chéad athbhreithniú mór ar an gcaighdeán le breis is 10 mbliana anuas agus tá sí bunaithe ar chaighdeán chomhaontaithe idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht suiteálacha leictreonacha. Cuireadh an caighdeán nua seo, I.S. 10101:2020, a foilsíodh mar cháipéis dhigiteach chomh maith, in ionad ET 101:2008, agus rinne saíneolaithe tionscail atá bainteach le hoiste Leictrea-Theicniúil NSAI (ETC/TC 2) “Suiteálacha Leictreonacha” é. Tá na Rialacha Náisiúnta le haghaidh Suiteálacha Leictreonacha riachtanach do leictreoirí, conraitheoirí leictreacha, agus dearthóirí agus iad ag sonrú na riachtanas sábháilteachta do shuiteálacha leictreonacha i ngach cineál foirgneamh in Éirinn. Cuireann na hathbhreithnithe seo na riachtanais in oiriúint do na forbairtí teicniúla is déanaí agus dea-chleachtas na hEorpa, agus déileálann siad le teicneolaíochtaí nua a leithéidí de luchtú feithiclí leictreonacha, córais Ghréine Fótavoltach, agus treoirlínte ar éifeachtacht fuinnimh. Díoladh breis is 3,500 cóip de na Rialacha nua Sreangú an bhliain seo chaite.

Cuireann NSAI & Innealtóirí na hÉireann tús le socrú CPD

I mí Iúil, thacaigh Innealtóirí na hÉireann go hoifigiúil le rannpháirtíocht a gcuid ball i gCoistí Caighdeán NSAI mar fhoirm d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL). Glacann na Coistí seo, a reáchtálann NSAI, páirt i bhforbairt Chaighdeán náisiúnta, Eorpach, agus idirnáisiúnta. Cuireann an t-aitheantas seo ó cheann de na heagraíochtaí proifisiúnta is mó atá in Éirinn béim ar ról Bhaill Coistí Caighdeán agus an tairbhe a fhaigheann daoine as páirt a ghlacadh i bhforbairt caighdeán ina réimse pearsanta suime.

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Foilsítear “Rialacha Sreangú” Náisiúnta

I ndiaidh tréimhse comhairliúcháin phoiblí, d'fhoilsigh NSAI Rialacha nua Náisiúnta maidir le Suiteáil Leictreonacha, ar a dtugtar I.S. 10101:2020 nó na “Rialacha Sreangú” chomh maith. Cuireann an chéad athbhreithniú le deich mbliana anuas na riachtanais in oiriúint do na forbairtí teicniúla agus na dea-chleachtais is déanaí san Eoraip, agus déileálann siad le teicneolaíochtaí nua lena n-áirítear luchtú feithiclí leictreonacha, córais Gréine Fótavoltacha, agus treoirlínte ar éifeachtacht fuinnimh. Beidh ar gach suiteáil leictreonach in Éirinn an Caighdeán seo a leanúint faoi 2022.



Intleacht Shaorga

I mí Eanáir 2020, cheap an Rialtas Caighdeáin NSAI le Ardfoireann ar Chaighdeáin IS a stiúradh. Cuireadh an fhoireann seo ar bun le deiseanna a thapú a cuireadh ar fáil mar gheall ar athruithe teicneolaíochta agus an athrú chuig geilleagar ísealcharbóin. Is cuid den Straitéis náisiúnta um IS níos leithne í, a bhfuil sé mar sprioc aici a chinntiú go mbaineann ár n-ionaid taighde, ár ngnólachtaí, agus an earnáil phoiblí leas as teicneolaíochtaí IS le táirgiúlacht agus folláine a threisiú.

Cur Chuige Nua le Dearadh Seirbhísí

I rith 2020, sheol NSAI clár píolótach ar Cheardlann um Smaoineamh Deartha d'fhoireann roghnaithe laistigh de NSAI. D'fhorbair an cheardlann scileanna um Smaoineamh Deartha le dul i ngleic le réitigh nua tionscnaimh do NSAI, do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Déanfar machnamh ar an méid a foghlaimíodh i gcur i bhfeidhm na dtionscnamh straitéiseach a sainaithníodh sa phróiseas pleanála straitéisí.

Caighdeáin+Nuálú agus an tSraith ISO 56000

Faoin gClár Rialtais reatha, ceapadh NSAI chun nuálaíocht FBM a chumasú. Ag leanúint ó sheoladh rathúil na Sraithe ISO 56000 ar Bhainistíocht Nuálaíocht go déanach in 2019, forbraíodh ábhar nua a thugann breis eolais ar fhorbairt chaighdeáin, taighde, agus naisc le heolas agus físeáin ar cén chaoi is fearr páirt a ghlacadh sa réimse.

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Buann Ball Coiste Blockchain NSAI an Gradam Eorpach 'Caighdeáin+Nuálaíochta'

Ag na Gradaim 2020 CEN agus CENELEC 'Caighdeáin+Nuálaíochta', tugadh gradam do Fiona Delaney, ball den Choiste Theicniúil agus bunaitheoir Origin Chain Networks, mar gheall ar an obair mhór a rinne sí do chaighdeáin idirnáisiúnta Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le Blockchain. Chuir Ms. Delaney isteach feidhmchlár ar leith de ghnó agraibhia de Blockchain ar a dtugtar Comhlíonadh Comhchoiteann Feirme don Choiste Caighdeáin 'Blockchain agus Teicneolaíochtaí Mórleabhair Dáilte,' rud a bhain amach di an éacht mór le rá seo. Cuideoidh an fheidhmchlár sin le teicneolaíocht Blockchain a úsáid ar bhealaí cruthaitheacha ar fud an domhain.



MÉADREOLAÍOCHT

Tá an próiseas tomhais an-tábhachtach i mbeagnach gach réimse de ghníomhaíocht an duine, agus le bheith fóna, ní foláir nó go mbeidh tomhais tacaíthe ag méadreolaíocht, eolaíocht an tomhais.

Go minic, is cuid faoi cheilt de bhonneagair tíre í an mhéadreolaíocht, córais tomhais agus caighdeán ar féidir brath orthu. Cuireann tomhais inrianaithe ar chumas náisiún trádáil a dhéanamh ar fud an domhain, an bonneagar riachtanach a chur ar fáil le tomhaltóirí a chosaint, tacú le forbairt tionsclaíochta, agus taca a chur faoi nuálaíocht agus taighde thar earnálacha difriúla.

Cinntíonn NSAI go ndéantar gnéithe an chórais náisiúnta tomhais a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú leis an trádáil agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le tomhas trí iontaofacht na dtomhas a mhéadú. I measc na ngnéithe seo, tá feidhmiú na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta agus na Seirbhíse Dílíthiúla Méadreolaíochta.

AN tSAOTHARLANN NÁISIÚNTA MHÉADREOLAÍOCHTA

Is í an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (SNM) institiúid mhéadreolaíochta na hÉireann agus tá sí freagrach as na caighdeán náisiúnta tomhais le haghaidh cainníochtaí fisiceacha a bhunú, a choimeád, a fhorbairt agus a scaipeadh.

Cuireann eolaíocht an tomhais taca faoi gach sochaí forbartha. Le tráchtáil, eolaíocht, rialtas, oideachas agus dlí teastaíonn caighdeán tomhais chruinne, iontaofa agus chomhsheasmhacha arna léiriú le Córais Idirnáisiúnta na nAonad (SI), arbh é an córas tomhais atá aitheanta ar fud an domhain.

Tá eolaíocht an tomhais riachtanach le tacú le trádáil, taca a chur faoi nuálaíocht agus na bonneagair ar fad is gá a chur ar fáil lenár saoránaigh uile a chosaint. Tá ról lárnach aici chomh maith lena chinntiú go mbeidh fás againn sa gheilleagar i dtimpeallacht ina bhfuil saoránaigh slán sábhailte, agus ag déileáil ag an am chéanna le dúshlán dhomhanda a leithéidí d'athrú aeráide.

Is iad na caighdeán tomhais a choinníonn NML na léiriúcháin is cruinne dá bhfuil ar fáil in Éirinn de na haonaid SI. Is iadsan an bealach tríd ar féidir torthaí tomhais a rianú chuig an gCóras Idirnáisiúnta Aonaid (SI) do chaighdeán tomhais le haghaidh cainníochtaí fisiceacha maise, faid, teocht, bogthaise, brú, voltas, friotaíochta, toillis, casmhóiminte, minicíochta, eatramh ama, agus leibhéal fuaime.

Scaipeann NML na caighdeán tomhais seo trí réimse cuimsitheach seirbhísí calabraithe a chomhlíonann riachtanais ISO 17025. Cuireann NML oiliúint, tástáil cumais agus seirbhísí comhairleacht ar fáil chomh maith.

AN tSAOTHARLANN NÁISIÚNTA MHÉADREOLAÍOCHTA I bhFÓCAS 2020

I rith 2020, lean NML uirthi ag obair agus chuir ar fáil seirbhísí tomhais riachtanacha do thionscal na hÉireann agus earnálacha riachtanacha a bhí ag déileáil le COVID-19. Bhí an-éileamh ar sheirbhísí calabraithe NML i rith na bliana, mar a bhí cheana, agus thug an tsaotharlann amach breis is 4,600 teastas calabraithe, fiú agus í ag leanúint srianta COVID.

Is cuid lárnach é fós an taighde den obair a dhéanann NML le páirt a ghlacadh sa Chlár ar Mhaithe le Nuálaíocht agus Taighde Méadreolaíochta 3 EU/Eorpach (EMPIR) i 2020. Tá an bliain dheireanach den chomh-thionscnamh taighde VersiCaL, a chomhordaíonn NSAI, buailte linn.

Ba chomhúdar é NSAI léirithe a rinneadh ag dhá chomhdháil idirnáisiúnta agus alt a foilsíodh in Imeachtaí ar Ionstraimíocht agus Tomhais IEEE. Mar gheall ar an tionscnamh seo, tógadh droichead coiscis dhigiteach ag NML, agus tá bailíochtú á déanamh air anois. As seo amach, ba chóir go gcuirfidh sé ar chumas NML scála tagartha do choisceas leictreonach a dhéanamh gan braith ar chalabhrúchán fairsing seachtrach.

Foilsíodh torthaí dhá chomparáid idirnáisiúnta tomhais a raibh páirt ag Saotharlann Brú NML iontu san iris eolaíochta idirnáisiúnta 'Metrologia'. Tugann na torthaí dearfacha a bhí ag NML sa dá chomparáid muinín ar fud an domhain ina gcumais calabraithe agus tomhais.

Mar chuid dá gclár for-rochtana, d'óstáil NML beirt mhac léinn INTRA DCU i rith a socrúcháin samhraidh le linn 2020. Chuir siad ar fáil chomh maith an topaic agus maoirseacht le haghaidh tionscnamh ceathrú bliana Fisice DCU.

4,665

CALABRÚ UIRLISÍ

490

LÁ TAIGHDE CURTHA I gCRÍCH

12

CHÚRSA TRAENÁLA A REÁCHTÁLADH (6 AR-LÍNE)

3

THIONSCNAIMH TAIGHDE IDIR LÁMHA

Cáilíochtaí Tomhais Náisiúnta

I ndiaidh anailís fhorleathan, ghlac Roinn Ama BIPM leis an bpríomhchaighdeán minicíochta caesiam na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI mar chlog adamhach a bhfuil ionchuir aige anois ar Am Idirnáisiúnta Adamhach (TAI) agus Am Comhordaithe Comhchoiteann (UTC) trí Chiorcláin T 394. I ndiaidh an Bhreathimeachta, coinníonn NML anois Amscála Náisiúnta Éireannach atá aitheanta go hidirnáisiúnta [UTC (NSAI)] ar féidir é a rianú ar ais chuig UTC, agus déanfaidh sí imscrúdú ar an amscála seo a scaipeadh dóibh siúd sa tír a bhfuil suim acu ann in 2021. Cuireann an Caighdeán Príomha seo cumas inrianaithe díreach ag an sainiú atá ag SI ar an soicind, rud a chuireann barr feabhais ar an ardchumas calabraithe AM & Minicíochta a bhí ag NML cheana.

Tuarascáil Scagthástála ar Theocht COVID-19

Ag obair le Roinn na bhFeistí Leighis, chuir NML ar fáil tuarascáil a thug rabhadh maidir le na lochtanna a bhí ar scagthástáil ar theocht COVID-19 trí theirmiméadair infridhearg. Tá an tuarascáil ar fáil ar suíomh gréasáin NSAI, agus cuireadh amach eisiúint sa phreas lena fógairt don phobal i gcoitinne.

Oiliúint agus cur i láthair ar líne

Cé gur laghdaigh COVID-19 go mór an cumas cúrsaí oiliúna inmheánacha a chur ar fáil, thug NML 12 chúrsa do 21 comhlacht, agus tugadh sé cinn de na cúrsaí seo ar líne. Chuir NML amach trí léiriú físe chomh maith a bhí bainteach le ceisteanna méadreolaíochta atá tábhachtach don tionscal. Tá fáil ar na trí léiriú físe sin ar shuíomh gréasáin NSAI, agus baineann siad le topaicí éagsúla lena n-áirítear iad seo a leanas, teastais chalabrucháin, rioscaí tomhais, agus rialacha cinnidh i gcomhthéacs ISO 17025, CIPM, agus stádas na dteastas calabrucháin a thug NML amach.

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Gradaim Saotharlainne na hÉireann

Aithníodh an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíoch mar 'Saotharlann Calabru nó Tástáil na Bliana' ag Gradaim Saotharlainne na hÉireann. Bhain Bainisteoir na Saotharlainne, Paul Hetherington, agus foireann NML an gradam seo amach, a chuireann in iúl a feabhas agus a gaisce ag Óstán Dhroichead na Dothrach, BÁC i rith Márta 2020. Cuimhnítear ach go háirithe ar an éacht mór le rá seo, mar gurb é ceann de na cinn dheireanacha a rinne NSAI ceiliúradh orthu sular tháinig srianta maidir le scaradh sóisialta i bhfeidhm ar fud na tíre.



MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

Cuireann Méadrejaíocht Dhlíthiúil NSAI feidhm rialála ar fáil ar mhaithe le tacú le cruinneas agus trédhearcacht i dtomhais trádála agus chun iad a chur i bhfeidhm. Cuirtear é seo i gcríoch trí scrúdú agus fíorú a dhéanamh ar ghléasanna tomhais a úsáideann trádálaithe agus trí tháirgí réamhphacáilte a scrúdú le cainníocht cheart a chinntiú.

An dualgas phríomha atá ag Méadrejaíocht Dhlíthiúil ná Achtanna Méadrejaíochta 1980 go 2017 agus rialúcháin bainteach leo a bhaineann le srianta ar ghléasanna tomhais agus tomhais ar mhaithe le trádáil laistigh den Stát a chuir i bhfeidhm.

Chun dearbhú dá leithéid a chur ar fáil maidir le comhlíonadh tomhais, glacann an tseirbhís samhail cur chuige cigireachta bunaithe ar riosca ina gcumhdaítear 40,000 trádálaí agus 75,000 uirlis tomhais ar fud na tíre. Tugann cigirí na Méadrejaíochta Dhlíthiúla cuairt ar na mílte trádálaí gach bliain, agus déanann siad cigireacht ar na huirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil agus tá an chumhacht acu chun iad siúd nach gcomhlíonann an reachtaíocht a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Úsáideann MD 31 fíoraitheoir údaráithe chun seirbhís fíorúcháin ar fud na tíre a chur ar fáil lena chinntiú go gcloíonn na huirlisí leis an reachtaíocht ábhartha. Leis an tseirbhís sin cinntítear leibhéil chomhsheasmhacha cruinnis na n-uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil.

Cigireachtaí

Príomhchineál Uirlise

Líon Scrúduithe

Dáileoirí Breosla Leachtaigh	9,421
Scálaí Miondíola	601
Meá Miondíola	601
Droichead meáchain -ainmhithe (e.g. i Marglanna)	20
Droichead meáchain – feithicil	341
Méadar Bainne	70
Meá Bruscair	214
Méadair ola feistithe ar thrucailí (e.g. ola téimh tí a sheachadadh)	111

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Athbhreithniú ar Shéalaí ar Mhéadair Tacsaithe

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an socrúchán séalaithe ar mhéadair tacsaithe, chuir an Seirbhís Dhlíthiúil Méadrejaíochta greamán dosháraithe, ar a bhfuil gléas glasála sreang agus plaisteach in ionad an bhunséala a bhí acu. Cuireadh an t-athrú seo i bhfeidhm i mí Aibreáin 2020, agus anois is é an socrúchán séalaithe is gá do gach méadar tacsai in Éirinn.



MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

I bhFÓCAS 2020

Comhlíonadh

Chuir cigirí LM breis is 13,600 scrúdu gléis riosca-bhunaithe i gcrích agus thug siad cuairt ar bhreis is 2,500 foirgneamh i rith 2020, ag baint leas as prótacail dhiana COVID-19. Is léir tionchar an chórais scrúdaithe agus fíoraithe ó na rátaí comhlíonta a baineadh amach i ndiaidh an chéad scrúdaithe, arbh é 86% an meánráta comhlíonta an bhliain seo chaite, i gcomhréir le blianta roimhe sin.

Feachtas Spriocdhírthe

I ngeall ar mhéid na dtrádálaithe agus na n-uirlisí sa trádáil tá úsáid cigireachtaí bunaithe ar riosca agus feachtais spriocdhírthe lárnach maidir le maoirseacht a dhéanamh ar thomhais trádála. Le linn 2020, stiúir MD 6 fheachtas spriocdhírthe maidir le;

- lascach
- Áitribh Cheadúnaithe
- Méadair Ola Feistithe ar Thrucaílí
- Droichid Mheáite
- Meáiteoirí Bruscair Feistithe ar Thrucaílí
- Córais Méadrachta Bainne

Tugann an Méadreolaíocht Dhlíthiúil aird faoi leith ar fhaisnéis a fhaightear maidir le hamhras faoi thomhais, agus déanfaidh sé, nuair is cuí, imscrúdú ar sháruithe líomhnaithe ar na hAchtanna mar chuid dá ról forfheidhmiúcháin. Fuair LM 36 gearán i rith 2020, agus d'imscrúdaigh siad iad.

Chomh luath agus a úsáidtear gléas ar mhaithe le trádáil, tá an dualgas ar an úinéir agus/nó ar an úsáideoir a chinntiú go mbeidh sé comhlíontach i gcónaí. Cuireann MD comhlíonadh deonach ag trádálaithe chun cinn trí fheachtais faisnéise agus ardú feasachta. I gcás nach n-éiríonn leis an gcur chuige sin, tionscnófar beart eile. I gcás go bhfaightear go bhfuil uirlis neamhchomhlíonta i ndiaidh cigireachta féadfaidh cigire rabhadh a eisiúint, an uirlis a bhaint as úsáid trádála, nó ionchúiseamh a mholadh.

Rinneadh ionchúiseamh amháin in 2020, i gcás gur phléadáil comhlacht tacsaithe ciontach le trí shárú ar Acht na Méadreolaíochta 1996. Cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm chomh luath agus a íocadh €250 do charthanacht, agus bronnadh costais €2,000.

Comhlíonadh Feabhsaithe Méadair Tacsai

I mí Aibreáin, cuireadh socruithe nua séalaithe do mhéadair tacsaithe i bhfeidhm. Seachas an greamán dosháraithe a bhí ann cheana, úsáidfear gléas glasála sreang agus plaisteach ar gach méadar tacsai, seachas múnlaí Cygnus MR500 View agus Tarola SPT5. Úsáidfear an greamán dosháraithe ar an dá mhéadar seo go fóill.

I mí Aibreáin freisin, cuireadh foirm nua ar líne in ionad na seanfhoirme páipéir TTI. Dearadh an fhoirm nua ar líne seo leis an úsáideoir ar intinn, le fógraí ar líne agus úinéir/oibritheoir an mhéadar tacsai maidir leis an bpróiseas um áirithint deimhnithe.

Tá an próiseas nua seo in oiriúint do RGCS, cuireann sí bainistíocht taifead feabhsaithe ar fáil dóibh siúd a shuiteálann na méadair, cuireann úinéir/oibritheoir an mhéadair ar an eolas faoina ndualgais dhlíthiúla, agus feabhsaítear inbhuanaitheacht ó thaobh na timpeallachta de.

DEIMHNIÚCHÁN

Measúnú Comhréireachta:

Is ionann Measúnú Comhréireachta agus dearbhú i scríbhinn (deimhniú) a sholáthraíonn comhlacht neamhspleách go gcomhlíonann an táirge, seirbhís nó córas lena mbaineann na ceanglais shonracha agus gurb é uirlis úsáideach í do ghnólacht chun creidiúnacht a chur leis, trína thaispeáint go gcomhlíonann táirgí nó seirbhísí ceanglais caighdeáin faoi leith nó ionchais custaiméirí.

Le haghaidh roinnt tionscal, is ionann deimhniúchán agus ceanglas dlíthiúil nó conarthach. Laistigh den tionscal deimhniúcháin is ionann “Creidiúnú” agus aitheantas foirmiúil ag comhlacht neamhspleách, ar a dtugtar comhlacht um chreidiúnú go minic, go bhfuil comhlacht deimhniúcháin ag feidhmiú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta. Tá NSAI creidiúnaithe as raon éagsúil scéimeanna deimhniúcháin chun tacú le riachtanais gnólachtaí Éireannacha.

Le Deimhniúchán NSAI déantar deimhniúchán creidiúnaithe táirgí, seirbhísí agus eagraíochtaí maidir le comhlíonadh caighdeán aitheanta, ó chórais bainistíochta gnó go ceaduithe táirgí a chruthú, a choimeád agus a chur chun cinn.

Deimhníonn NSAI gnólachtaí thar réimse fhairsing earnálacha, cuir i gcás iompar, tógáil, cógaisíocht, airgeadas, seirbhísí bia, agus an-chuid eile chomh maith leo siúd.

Rangaítear seirbhísí catagóirithe i gceithre phríomh-aonad gnó;


- Feabhas Gnó
- Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha
- Feistí Leighis
- Tacaíocht Mhargaidh & Rialála

Acmhainneacht Thiomnaithe:



#NSAICertified

I rith 2020, dheimhnigh NSAI na céadta eagraíochtaí go cianda chuig caighdeán gnó den chéad scoth. Seachas searmanas leathbhliantúil deimhnithe, rinneadh ceiliúradh ar líne ag baint leas as feachtas ar na meáin sóisialta a mhair mí, #NSAICertified, i rith mhí na Nollag 2020. Bhí an-rath ar an bhfeachtas, ina raibh beannachtaí taifeadta ón Aire Damien English agus POF NSAI, Geraldine Larkin, i measc leantóirí agus cliaint NSAI, agus fuarthas breis is 50,000 imprisean thar gach meán ina leith.



DEIMHNIÚCHÁN I BHFÓCAS

Feabhas Gnó

Díríonn rannán Fheabhas Gnó NSAI go príomha ar chaighdeán córas bainistíochta, lena sainítear an dóigh a mbainistíonn eagraíocht gach cuid dá próisis ghnó chun a spriocanna agus a cuspóirí a bhaint amach. Mar chomhlacht creidiúnaithe deimhniúcháin, soláthraíonn NSAI deimhniúchán neamhspleách d'eagraíochtaí lena gcuirtear ar a gcumas comhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta a thaispeáint, lena féidir leo a ngnólachtaí a fheidhmiú chuig na caighdeán idirnáisiúnta is airde.

Is iad na príomhscéimeanna Córais Bainistíochta a chuireann NSAI ar fáil ná:

- Bainistíocht Cáilíochta (ISO 9001)
- Bainistíocht Chomhshaoil (ISO 14001)
- Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde (ISO 45001)
- Slándáil Faisnéise (ISO 27001)
- Bainistíocht Fuinnimh (ISO 50001)

2,280

LÁ INIÚCHTA CURTHA I GCRÍCH

234

DEIMHNIÚCHÁN NUA EISITHE

1,169

LÍON NA GCLIAINT LE DEIMHNIÚCHÁIN CÓRAIS
BAINISTÍOCHTA IN 2020

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Tiontú chun Iniúchadh Cianda

Bhí forbairt gnásanna iniúchta cianda ríthábhachtach chomh luath is a tháinig srianta COVID-19 i bhfeidhm. An chiall a bhí leis sin ná go raibh an Roinn Deimhniúchán in ann leanúint orthu ar an dtoirt le gníomhaíochtaí iniúchta, nuair b'infheidhme. Beag nó mór, ba chuid é seo d'fheidhmíocht a bhí ní b'fhearr ná mar a cheap siad ó thaobh an airgeadais de.



Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha

D'imir an ghéarchéim tionchar diúltach ar earnáil na tógála, ar ndóigh, agus suíomhanna tógála ag déileáil le dianghlasáil, agus bhí tionchar aige sin féin ar an éileamh le haghaidh táirgí tógála.

De réir an CSO, sa dara ceathrú 2020 bhí laghdú 6.1% ar an earnáil, agus is é seo an laghdú is mó a bhfuil taifead déanta air taifeadta le linn ceathrún. Ba léir, áfach, ó líon na gcríochnaithe i R4 teacht ar ais ó thionchar na srianta a raibh tionchar mór acu ar chríochnaithe i R2 agus R3. Críochnaíodh 7,400 foirgneamh cónaithe i R4 2020, méadú 15.9% ar an 6,387 a críochnaíodh i R4 2019. San iomlán, críochnaíodh 20,676 foirgneamh cónaithe in 2020, laghdú ar an 21,087 a críochnaíodh in 2019.

Fós féin, leanadh leis an éileamh thar phunann deimhniúcháin maidir le tógáil mar a bhí sé in 2019. Bhí suim sa tionscal i dtabhairt isteach na Scéime Chláraithe um Dheimhniúchán Aerála, agus chláraigh ochtar déag in 2020, agus seachtar déag eile ag cur isteach ar chéim an chláráithe.

Ag breathnú ar aghaidh, tá ról mór ag Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha maidir le hinbhuanaitheacht, gníomhú ar son na haeráide, agus spriocanna tithíochta. Sa chomhthéacs seo, leanfaidh NSAI uirthi ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúla agus Oidhreacht maidir le cosaint i gcoinne radóin, foirgnimh ag druidim le neodracht ó thaobh fuinnimh, aeráil, Múnlú Theirmeach, Aerdhíonacht agus Feidhmíocht Fuinnimh Fuinneoga, agus forbairt Cuid L de na rialacháin tógála.

214

CUIDEACHTA DEIMHNITHE LE HAGHAIDH
SCÉIMEANNA INSLITHE TÓGÁLA

785

INIÚCHADH TÁIRGÍ MARCÁIL CE

938

CEADUITHE TÁIRGÍ TÓGÁLA
(BORD AGRÉMENT NA HÉIREANN AGUS MARC CE)

71

I.S. GNÓLACHT DEIMHNITHE DE RÉIR I.S. EN ISO
50001:2011- CÓRAIS BAINISTÍOCHTA FUINNIMH

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Scéim um Chlárú Bailíochtú Aerála

Tá scéim cláraithe curtha ar bun ag NSAI a dheimhníonn duine aonair mar thrú páirtí cumasach neamhspleách lena chinntiú gur cuireadh isteach córas aerála atá tomhaiste agus coimisiúnaithe sa chaoi go gcloíonn sé le mionriachtanais Cháipéis Threoir Theicniúil F - Aeráin (2019) do na Rialacháin Foirgníochta Éireannacha.



Tacaíocht Mhargaidh agus Rialála

Tá NSAI freagrach as réimse scéimeanna lena bhfeabhsaítear gnéithe sábháilteachta agus comhshaoil na bhfeithiclí ar an mbóthar in Éirinn agus san Eoraip le soláthar raon seirbhísí deimhniúcháin Mótarfheithiclí ina gcuimsítear Cineálcheadú Eorpach, Cineálcheadú Náisiúnta agus Ceadú Feithiclí Aonair le haghaidh feithiclí agus a gcomhpháirteanna.

Lena chois sin ceadaíonn NSAI ionaid tástála (ATCanna) agus ceardlanna údaráithe ar fud na tíre le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le Tacagraf, Plátáil agus Luasteorantóirí Bóithre.

Rinneadh obair shuntasach ar an aistriú chuig na riachtanais maidir le tacagraif chliste nua agus dáta cuir i bhfeidhm nua, mar aon le forbairt leanúnach phróiseas nua le haghaidh iniúchtaí tacagraf.

Mótarfheithiclí

2,909

CEADÚ FEITHICLÍ AONAIR DO THIOMÁNAITHE FAOI MHÍCHUMAS

1,041

CEADÚ FEITHICLÍ AONAIR (IVA) DO CHATAGÓIRÍ EILE

112

CEADÚ NÁISIÚNTA DON CHINEÁL SRAITHE BEAGA

4,043

CEADÚ AE/NA DE CHÓRAIS AGUS PÁIRTEANNA FEITHICLÍ

Bia

220

LÁ INIÚCHTA CÓRAIS BAINISTÍOCHTA

60

SCRÚDAITHE RIALÁLA

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Cineálcheadú Náisiúnta

Le cur isteach ar Fhaomhadh Náisiúnta (IVA/ NSSTA), caithfidh iarrthóir bheith páirteach i scéim NSAI Corp-fhorbróir Feithicil Faofa (AVBB). Breathnaíonn an scéim seo ar an bpróiseas táirgeachta a úsáidtear le feithicil a tháirgeadh ó thaobh riachtanais reachtacha agus déantúsóra. Ón 1 Aibreán 2020 i leith, ní ghlacfar le hiarratais ar Fhaomhadh Náisiúnta Feithicil (IVA/NSSTA) d'fheithicil ó Chatagóir M (gluaisteáin, busanna agus cóistí), N agus O (leantóirí a tharraingíonn gluaisteáin nó busanna) ach ó AVBB.



Feistí Leighis

Fostaíonn earnáil na Teicneolaíochta Leighis in Éirinn breis is 40,000 duine agus is í an dara fostóir is mó daoine gairmiúla um theicneolaíocht leighis san Eoraip, in aghaidh an duine. Tá Éire ar cheann de na heaspórtálaithe is mó táirgí leighis san Eoraip, le heaspórtálacha bliantúla dar luach €12.6 billiún.

Tá ionaid ag 9 as an 10 bpríomhchuideachta teicneolaíochta leighis ar domhan in Éirinn, agus is comhlachtaí dúchasacha iad 60% den 450 cuideachta um theicneolaíocht leighis atá bunaithe anseo. Bíonn an tionscail agus an Rialtas de shíor ag faire le bealaí nua chun iomaíocht a fheabhsú, cumais nua a fhorbairt, agus, ar deireadh, fás inbhuanaithe nua a ghiniúint.

Tá NSAI in oiriúint leis an straitéis seo, agus cuireann sí ar fáil réimse iomlán seirbhísí bainteach le Caighdeáin Córais Bhainistíochta agus Seirbhísí Dheimhnithe Táirgí don earnáil.

13

TÁIRGE NUA FEISTÍ LEIGHIS DEIMHNITHE

75

ATHDHEIMHNIÚCHÁN TÁIRGÍ

117

INIÚCHADH 'MEDICAL IRELAND'

Acmhainneacht Thiomnaithe:



Ainmniú chun an Rialacháin maidir le Feistí Leighis

I Mí Feabhra, faomhadh an Roinn Feistí Leighis chun ceapadh chuig na Rialacháin nua AE maidir le Feistí Leighis (MDR). Leis an gceadúnas seo, is í NSAI an 11ú eagraíocht a dtugtar fógra dóibh ar domhan le hainmniú chun an rialacháin nua. Is acmhainn shuntasach í an éacht seo don earnáil Feistí Leighis na hÉireann, mar gurb é NSAI an t-aon eagraíocht Éireannach a dtugtar fógra di i spás na teicneolaíochta leighis.



NSAI Inc.

Cuireann NSAI Inc. réimse leathan seirbhísí deimhniúcháin Córais Bainistíochta agus Feistí Leighis ar fáil do bhonn chliaint idirnáisiúnta. Cuireann na gníomhaíochtaí seo NSAI Inc. i gceartlár cumais theicniúil ghinearálta NSAI agus a bpróifíl idirnáisiúnta cliaint.

Le linn 2020, choinnigh NSAI Inc. béim ar a dtacaíocht leanúnach do ghníomhaíochtaí eacnamaíoch na hÉireann trí fheasacht bhranda na hÉireann a chur chun cinn do tháirgí agus seirbhísí NSAI. Feabhsaíonn NSAI Inc. próifíl NSAI le bonn cliaint idirnáisiúnta agus le linn 2020 bhí sí fós tiomanta do riachtanais na gcaighdeán bainistíochta faoina n-oibríonn sí a chomhlíonadh.

De réir mar a sonraíodh tionchar na paindéime domhanda go luath i mí an Mhárta, bhog an fhoireann NSAI Inc. go tapaídh le tús a chur le clár iniúchta cuimsitheach cianda agus rinne siad breis is 600 iniúchadh cianda thar gach réimse seirbhíse. Fuair an próiseas measúnú agus feidhmiú cianda aiseolas dhearfach ó eagraíochtaí creidiúnaithe le linn a gcuid measúnaithe bhliantúla.

130

DEIMHNIÚCHÁN ÚR CÓRAS BAINISTÍOCHTA EISITHE

27

DEIMHNIÚCHÁN ÚR FEISTÍ LEIGHIS DEIMHNITHE

554

CLIAINT CÓRAIS BAINISTÍOCHTA AG SEASAMH DO BREIS IS 1015 SAORÁID

Acmhainneacht Thiomnaithe:



ISO 50001

I 2020, bhain NSAI Inc. amach creidiúnú ISO 50001 faoi ANAB. Sainíonn ISO 50001, an caighdeán domhanda bainistíochta córais fuinnimh, na riachtanais le bunú, cur i bhfeidhm, caoi a choinneáil ar, agus feabhsú a dhéanamh ar Chóras Bainistíochta Timpeallachta. Forbraíonn an éacht seo cumais NSAI agus NSAI Inc. maidir le tacú le tionscnaimh timpeallachta.



RIALACHAS & CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Comhaltaí Boird	29
Ráiteas maidir le Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	30
Ráiteas Maidir le Rialú Inmheánach	37
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste	39
Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta	42
An Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta	43
Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach	44
Ráiteas Comhdhlúite Maidir leis an Staid Airgeadais	45
Ráiteas NSAI ar Staid Airgeadais	46
Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid Thirim	47
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	48

COMHALTAÍ BOIRD 2020



James Kennedy
Cathaoirleach NSAI



Geraldine Larkin
Príomh-Oifigeach
Feidhmiúcháin NSAI



Aideen Goggin



Barry Smith



Valerie Bowens



Conor Verdon



Marie O'Connell



Piers Devereux



Maria McKeown



Aoife Gleeson



William Egenton



Ethna Felten



Roger Blackburn
d'éirigh as an bpost
Aibreán 2020



Terry Landers
d'éirigh as an bpost
Aibreán 2020



Dr. Aidan O'Boyle
d'éirigh as an bpost
Aibreán 2020

RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS AGUS TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an 14 Aibreán 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Sainítear feidhmeanna reachtúla NSAI laistigh de na hAchtanna seo a leanas:

- An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996;
- An tAcht Méadreolaíochta, 1996;
- An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980.

Soláthraíonn NSAI an bonneagar sin trí na príomhchláir um méadreolaíocht, um chaighdeánú, um méadreolaíocht dhlíthiúil le haghaidh na dtomhas agus na n-uirlisí meá a úsáidtear sa trádáil agus i measúnú comhréireachta.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Oibríonn NSAI faoi choimirce Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a bhfuil sé de chumas aige: maoiniú a chur ar fáil don NSAI le go gcuirfí ar a chumas é a dhualgais a chomhlíonadh; le teoracha ginearálta a eisiúint maidir le polasaí; agus le heolas a lorg ar ghníomhaíochtaí NSAI.

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin, ceanglaítear ar NSAI cloí le réimse ceanglas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na gceanglas sonrach sin a chinntiú.

Rialachas

Bunaíodh Bord Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann faoi Acht NSAI 1996. Tá feidhmeanna NSAI leagtha amach i gCuid 2 alt 7 den Acht sin.

Tá an Bord freagrach don Aire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le freagracht do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol, agus tá freagrach as a chinntiú go bhfuil dea-rialachas ann, agus cuireann sé an tasc seo i gcrích trí spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a thógáil ar cheisteanna ghnó barrthábhachtacha.

Is faoi fhreagracht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF) agus na foirne bainistíochta sinsearaí atá bainistíocht, rialú agus treoir rialta laethúil NSAI. Ní mór don POF agus don fhoireann bainistíochta sinsearaí cloí leis an treoir straitéiseach leathan arna leagan síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird ar fad ar na gníomhaíochtaí agus cinntí móra a bhaineann leis an eintiteas, agus maidir le rioscaí suntasacha ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir Bord agus lucht bainistíochta NSAI.

Feidhmíonn an tÚdarás i gcomhréir le treoirlínte an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, (an Cód) arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá ról agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar Rialachais NSAI ina bhfuil cúrsaí a choimeádtar go sonrach lena gcinneadh ag an mBord chomh maith. I measc na míreanna atá ar chlár oibre an Bhoird tá:

- Dearbhú leasanna,
- Tuarascálacha ó choistí,
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- Tuarascálacha feidhmíochta,
- Bainistíocht Riosca
- Rialachas Corparáideach agus
- Cúrsaí forchoimeáda.

Cuireann Alt 8(2) den Chéad Sceideal don Acht Údarás Caighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996, ceangal ar an NSAI cuntasáíocht a dhéanamh, i pé foirm a dhearbhaíonn an tAire Fiontar, Trádála, agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, ar gach cuntas gnách is cuí ar airgead a glacadh léi agus a caitheadh agus a choinneáil san fhoirm thuasluaite seo gach cuntas speisialta a chuireann an t-Aire do Fhiontar, Trádáil agus Fostaíocht in iúl di ó am go chéile. Agus í ag cur le chéile na ráitis airgeadais seo, is gá don NSAI:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh NSAI i mbun oibre.

Tá an Bord freagrach as cuntais chuntasaíochta oiriúnacha a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais an ghrúpa, mar chuid de sin an fochomhlacht NSAI Inc. atá lán faoi úinéireacht NSAI, agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais in oiriúint d'Alt 8 den Chéad Sceideal den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Bhord freagrach as:

- An phlean agus an bhuiséad bhliantúil a fhaomhadh.
- Meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht NSAI, trí thagairt a dhéanamh do thuairisceoireacht Phríomh-Oifigeach KPI agus tuarascáil bhainistíochta airgeadais a rinneadh don Bhord.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíor chruinn i ráitis airgeadais NSAI ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais NSAI um an 31 Nollaig 2020.

Struchtúr an Bhoird

Ceapann an tAire na Comhaltaí, i gcomhréir le forálacha Acht NSAI 1996, as i measc na leasanna sin atá bainteach leis an bpróiseas um chaighdeánú agus deimhniúchán tráchtarraí, próisis agus cleachtais, gan leas amháin ar bith chun tosaigh.

Tá trí chomhalta dhéag ar an mbord: Cathaoirleach agus 11 chomhalta, gach duine acu a cheapann an tAire Stáit sa RoinnFiontar, Trádála agus Fostaíochta agus iad freagrach as Gnó, Fostaíocht agus Earraí Miondíola. Is comhalta ex-officio an tOifigeach Feidhmiúcháin ar feadh théarma a conartha.

Ceaptar comhaltaí sa Bhord ar bhonn bliantúil, ar chomóradh lá bunaithe NSAI, nuair a éiríonn na trí Chomhalta is faide fónamh as an mBord. Mar gheall ar scoir bhreise ón mBord agus i gcomhréir le hAcht NSAI 1996, cheap an tAire triúr Comhalta nua agus cheap arís Comhalta amháin a bhí ar tí dul ar scoir in 2020.

Tagann an Bord le chéile dhá uair sa mhí agus thionóil sé 6 chruinniú in 2020. Tá an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird le haghaidh 2020 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a íocadh le gach comhalta sa bhliain.

Comhaltaí Boird	An t-Am A Ceapadh chun an Post ar dtús	Imithe ar Scoir	Freastal an Bhord agus Comhaltaí Coiste				Táillí 2020	Costais 2020
			Bord	Coiste Iniúchta agus Riosca	An Coiste Ainmniúchán	An Coiste Rialachais		
			6 Cruinnithe	5 Cruinnithe	3 Cruinnithe	1 Cruinnithe		
An tUasal J. Kennedy Cathaoirleach	9 Aibreán 2018		6(6)		3(3)		11,929	2,117
An tUasal R. Blackburn Cathaoirleach ARC	20 Meitheamh 2016	14ú Aibreán 2020	1(1)	2(2)			2,271	
V. Bowens, Uasal	12 Bealtaine 2014		6(6)			1(1)	7,668	121
An tUasal P. Devereux Cathaoirleach ARC ó mhí an Mheithimh	30 Bealtaine 2019		6(6)	5(5)			7,668	633
An tUasal W. Egerton	17 Meán Fómhair 2020		2(2)				2,124	0
An tUasal E Felten (Nóta 1)	17 Meán Fómhair 2020		2(2)				0	0
An tUasal A. Gleeson	17 Meán Fómhair 2020		2(2)				2,124	0
An tUasal A. Goggin Leas-Chathaoirleach – Cathaoirleach an Choiste Rialachais (Nóta 1)	31 Eanáir 2013		6(6)		2(3)	1(1)	0	433
An tUasal T. Landers NSAI Inc. Cathaoirleach	6 Márta 2012	14 Aibreán 2020	1(1)		2(2)		2,271	0
An tUasal M. McKeown (Nóta 1)	6 Samhain 2019		6(6)				0	0
An Dr A. O'Boyle	12 Bealtaine 2014	14 Aibreán 2020	1(1)	2(2)			2,271	
An tUasal M. O'Connell	30 Bealtaine 2019		6(6)	4(4)		1(1)	7,668	0
An tUasal B. Smith (Nóta 1)	17 Aibreán 2018		3(6)			1(1)	0	
An tUasal C. Verdon (Nóta 1)	16 Aibreán 2019		6(6)	5(5)			0	
An tUasal G. Larkin Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Comhalta Ex-officio (Nóta 1)	20 Feabhra 2017		6(6)		3(3)		0	0
Táillí agus Costais iomlána							45,994	3,304

Nótaí

1. Níl luach saothair iníoctha i gcomhréir le príomhaithe OPOS.

Táillí agus Speansais an Bhoird

Íoctar táillí na gComhaltaí Bhoird i gcomhréir leis an mBarántas Ceapacháin.

Déantar speansais a phróiseáil ag na rátaí agus faoi réir na rialachán is iomchuí maidir leis na Státseirbhísigh den ghrád is airde.

Éifeachtúlacht agus Meastóireacht an Bhoird

Thug an Bhord faoi Athbhreithniú inmheánach Éifeachtacht Bhoird i mí na Nollag 2020, agus rinne an Bord athbhreithniú ar agus ghlac le seo i mí Feabhra 2021.

Coistí an Bhoird

Bhunaigh an Bord trí choiste, faoi mar a leanas:

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Agus ceithre chomhalta Bhoird ar a laghad ann tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht na heagraíochta. Is príomh-chomhpháirt é an CIR den rialachas agus de na córais rialuithe inmheánacha arna gcur chun feidhme ag an mBord. Is é ról an CIR tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí as ceisteanna maidir le riosca, an timpeallacht rialaithe, tuairisciú airgeadais agus dearbhuithe bainteacha. Cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i dtuarascáil bhliantúil don Bhord. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha a fhaomhann an Bord agus thionóil sé cúig chruinniú in 2020. Freastalaíonn an lucht bainistíochta ar iarratas ó Chathaoirleach CIR agus tagann an CIR le chéile leis na hiniúcháirí gan bliain gan an lucht bainistíochta i láthair.

Leagtar amach Comhaltaí an Choiste i rith 2020 i Sceideal na gComhaltaí, Freastal Cruinnithe, Táillí agus Costais.

An Coiste Ainmniúchán

Agus ceithre chomhalta Bhoird ann, is é príomhról an Choiste Ainmniúchán athbhreithniú a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh leis an mBord i ndáil le ceapacháin agus pleanáil chomharbais agus na dúshláin agus na deiseanna atá os comhair NSAI, agus na scileanna agus an saineolas a theastaíonn ar an mBord amach anseo á mbreithniú. Mura bhfuil an Príomhfheidhmeannach i láthair, tacaíonn an coiste le riachtanais an Bhoird chomh maith maidir le Ceapachán agus Feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha a fhaomhann an Bord agus thionóil sé trí chruinniú in 2020.

Leagtar amach Comhaltaí an Choiste i rith 2020 i Sceideal na gComhaltaí, Freastal Cruinnithe, Táillí agus Costais.

An Coiste Rialachais

Déanta suas de cheithre chomhalta Bhoird, is é an príomhról atá ag an gCoiste Rialachais ná sainiú agus cur in iúl struchtúir ghinearálta rialachais chorparáideach NSAI lena chinntiú go gcloíonn sí le Cód Cleachtais do Rialachais Eagraíochtaí Stáit, ag forbairt agus ag déanamh moltaí le faomhadh don Bhord maidir le Treoirlínte Rialachais Comhlachta a bhaineann le NSAI agus ag déanamh athbhreithniú ar na treoirlínte seo agus ag déanamh moltaí le faomhadh don Bhord d'aon athrú a mholann siad. Oibríonn an Coiste faoi théarmaí tagartha a fhaomhann an Bord agus thionóil sé cruinniú amháin in 2020.

Leagtar amach Comhaltaí an Choiste i rith 2020 i Sceideal na gComhaltaí, Freastal Cruinnithe, Táillí agus Costais.

NSAI Inc.

Bunaíodh NSAI Inc. in New Hampshire, SAM an 1 Iúil, 1997 mar chorporáid sheachbhrabúsach faoi lánúinéireacht NSAI chun faisnéis a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin reatha agus beartaithe na hÉireann agus caighdeáin reatha agus beartaithe AE, soláthar athbhreithnithe teicniúla agus meastóireacht ar tháirgí, ar phróisis agus ar chleachtais agus ar dheimhniúcháin chun cloí le caighdeáin AE, caighdeáin na hÉireann agus caighdeáin Idirnáisiúnta. Cloíonn eintiteas SAM le ceanglais rialacháin chónaidhmeacha agus stáit SAM.

Tá an fhochuideachta faoi réir na rialuithe sonracha bainistíochta agus nós imeachta arna bhfaomhadh ag Bord NSAI Inc. agus tá siad cuimsithe laistigh de na ráitis fhoriomlána seo maidir le comhlíonadh agus éifeachtúlacht rialuithe. Is comhaltaí iad triúr Comhaltaí de bhord NSAI Inc. de Bhord NSAI.

Oibríonn Bord NSAI Inc. de réir nósanna imeachta rialachais a fhaomhann an Bord agus thionóil sé ceithre chruinniú in 2020.

Líon na gCruinnithe

4

An tUasal T. Landers – Cathaoirleach (Ar Scoir in Aibreán)	1
An tUasal V. Bowens – Cathaoirleach (ceapadh mar Chathaoirleach i mí Eanáir)	4
G. Larkin Uasal – Príomhfheidhmeannach	4
An tUasal C. Morrell – NSAI Inc.	4
An tUasal P. Devereux (Ceaptha i mí an Mheithimh)	3

Nochtadh arna Cheangal leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh NSAI le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh na nÚdarás maidir leis an gCód agus a Chreat Dearbhaithe tá na comhaltaí sásta gur comhlíonadh ceanglais um nochtadh an Chóid go hiomlán laistigh de na nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais lena n-áirítear;

- Caiteachas Taistil agus Cothaithe – Nóta 3
- Obair Chomhairleoireachta – Nóta 3
- Fáilteachas – Nóta 3
- Briseadh síos ar Sochair Fhostaithe – Nóta 3

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Ní raibh athruithe ar an bPríomhphearsanra le linn 2020

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Tá Ráiteas cuimsitheach maidir le Rialú Inmheánach cuimsithe sna Ráitis Airgeadais.

Costais Dhlíthiúil agus Socraíochtaí

Níor tabhaíodh costais dhlíthiúla nó socraíochtaí ar bith. Nochtar costais dhlíthiúla faoi chostais sainchomhairleoireachta i gcomhréir leis an gCód.

Timpeallacht Rialachais i gCoitinne

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin agus leis an gCód, ceanglaítear ar NSAI chomh maith cloí le réimse ceanglas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na gceanglas sonrach seo a leanas a chinntiú:

Rialachán AE Uimh. 1025/2012 maidir le Caighdeánú Eorpach

Dheimhnigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta NSAI mar an eagraíocht náisiúnta caighdeán do CEN, CENELEC agus ETSI faoin Rialachán AE ar Chaighdeánú, ag tá uirthi tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar a ngníomhaíochtaí caighdeánaithe.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Caighdeán in Oifigí Poiblí 2001 agus rialacháin leantacha

I gcomhréir le forálacha na nAchtanna, ceanglaítear ar gach Comhalta agus ar gach ball foirne a bhfuil poist ainmnithe acu cloí le forálacha na nAchtanna.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2011 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2012

Tá NSAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht. Soláthraíonn NSAI roinnt scéimeanna, amhail forbairt na foirne, sosanna gairme agus socruithe oibre solúbtha, rud a chuidíonn le timpeallacht cothromaíochta oibre is saoil a fhorbairt do na baill foirne uile.

Tá beartas maidir le Dínit ag an Obair i bhfeidhm agus cuireadh in iúl do na baill foirne ar fad é.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Déanann NSAI bearta cuí chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus gach cuairteora a chosaint i gcomhréir le forálacha an Achta sin.

Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Ní comhlacht ainmnithe é NSAI chun críocha an Achta. Mar sin féin, cloíonn NSAI leis na nósanna imeachta sna hAchtanna sin chun foráil a dhéanamh i leith ionadaíocht ball foirne ar an mBord.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Ní bhfuair NSAI nochtadh cosanta le linn na tréimhse tuairiscithe 1ú Eanáir 2020 go dtí an 31ú Mí na Nollaig 2020.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Cloíonn NSAI le forálacha an Achta sin. Bunaítear leis an Acht na cearta reachtúla seo a leanas:

- Rochtain ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Go ndéanfaí faisnéis oifigiúil atá i seilbh comhlacht poiblí a bhaineann leis an duine aonair sin a leasú i gcás go bhfuil sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Rochtain ar thaifid maidir le cinntiú a bhaineann leis duine a rinne an comhlacht poiblí sin.

Ba cheart iarratais ar fhaisnéis a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, NSAI, 1 Cearnóg Swift, an Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Tá NSAI cláraithe mar rialaitheoir sonraí agus cloíonn sé le forálacha na nAchtanna sin.

Cóid Caiteachais Phoiblí

Bhunaigh NSAI nósanna imeachta atá comhsheasmhach leis na prionsabail atá leagtha amach sa chód sin.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Rinneadh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 a leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhirt Tráchtála) 2002. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh NSAI le forálacha an Achta sin i ngach cás ábhartha.

Íocaíocht Phras le Soláthraithe

Tá NSAI tiomanta dá chinntiú go ndéanfar gach sonrasc bailí soláthraithe a íoc go pras, faoi Riail Íocaíochta Praise 15 lá, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.

Tuairiscíonn NSAI ar bhonn ráithiúil ar an suíomh gréasáin maidir leis an bhfeidhmíocht i gcoinne an cheanglais sin.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá NSAI tiomanta do gach iarracht is féidir a dhéanamh le bheith éifeachtach ó thaobh fuinnimh de. Tugann an Córas SEAI Monatóireachta agus Tuarascáil Earnáil Phoiblí ar dhul chun cinn na hEarnála Poiblí i dtreo spáráil fuinnimh 33% faoi dheireadh 2020 le fios gur bhain NSAI amach spáráil fuinnimh 44.5%, atá níos fearr ná an bhunlíne.

Glacann NSAI páirt i gcreat-chomhaontuithe maidir le soláthar leictreachais agus gáis a fhaigheann an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair go lárnach.

Cairt Chustaiméirí

Leagann ár gCairt Custaiméirí amach ár dtiomantas le seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus tá le fáil i nGaeilge nó i mBéarla sa roinn “Faoi NSAI – Is Gá Dul i dTeagmháil – Gealladh Seirbhís Custaiméara agus Gnás Gearán a Dhéanamh” den suíomh idirlíne. Cuimsítear sa Chairt faisnéis maidir le comhlíonadh an Achta Ombudsman, 1980 agus an Achta um Ombudsman do Leanaí 2002.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

I gcomhréir le halt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil i nGaeilge agus i mBéarla.

Rialachán Athúsáid Eolais na hEarnála Poiblí (S.I. 279 2005)

Cloíonn NSAI le ceanglais uile an rialacháin maidir le ceadúnú faisnéise lena hathúsáid.

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú.

Thug teacht chun cinn COVID-19 dúshlán ar leith do ghach eagraíocht, NSAI ina measc. An chéad sprioc a bhí ag NSAI ná leanúint ar aghaidh le soláthar ár gcuid seirbhísí, rud a rinneamar go mór trí sheirbhísí ar an láthair a aistriú go timpeallacht cianoibre. Leis sin a éascú, rinne an fhoireann bainistíochta athbhreithniú ar pholasaithe agus rinne siad athchalabhrú ar chleachtais oibre lena chinntiú go leanfar le seirbhís agus le taca a chur faoin timpeallacht rialaithe inmheánaigh. Choimisiúnaigh an Choiste Iniúchta agus Riosca Iniúchadh speisialta Tionchair COVID-19 ó ASM (B) Teo., iniúcháirí inmheánacha NSAI, agus chuir an tuarascáil seo in iúl go bhfuil:

“na córais a bhfuil ann cheana maidir leis an bhfreagra atá ag NSAI ar COVID-19 beag nó mór oiriúnach agus tugann siad caighdeán sásúil cinnteachta maidir le baint amach éifeachtach agus feidhmiúil spriocanna NSAI.”

I mí Feabhra 2021, rinne an Bord athbhreithniú ar thimpeallacht rialaithe inmheánaí 2020 agus ar chreat dearbhaithe NSAI. Bunaithe ar an athbhreithniú seo, deimhníonn an Bord cinnteacht réasúnta ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh seo agus deimhníonn chomh maith gur chloí NSAI leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2020.



JAMES KENNEDY

Cathaoirleach
Meitheamh 2021

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar cheann an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI), admhaímid freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcloítear le agus go reáchtáiltear córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh laistigh den eagraíocht, a bhfuil fo-chomhlacht ar lánúinéireacht NSAI, NSAI Inc., mar chuid de. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Áirítear leis an gcóras um rialú inmheánach rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca a thacaíonn le tosaíochtaí straitéiseach NSAI a bhaint amach agus na cistí poiblí agus cistí eile agus na sócmhainní as a bhfuil NSAI freagrach á gcaomhnú ag an am chéanna.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach ach deimhniú réasúnta, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú go cuí agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earraí nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath i dtréimhse thráthúil agus go ndéantar beart ceartaitheach a chuir i gcrích más gá. Tá Córas um Rialú Inmheánach ceaptha chun riosca ar leibhéal réasúnta a bhainistiú seachas é a dhíothú.

Tá an córas seo um rialú inmheánach, a thagann le na treoir a chuireann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag NSAI don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus chomh fada le dáta faofa na ráitis airgeadais.

Timpeallacht Rialaithe, Riosca agus Nósanna Imeachta

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ag NSAI ina bhfuil comhaltaí Boird a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu. Tháinig CIR le chéile 5 huairé in 2020. Cuirtear bonn eolais faoin bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí agus faoina clár oibre le hanailís ar cheisteanna riosca agus rialaithe laistigh de NSAI. Déanann an CIR an plean iniúcháireachta inmheánaí a fhaomhadh agus tugann sé comhairle don Bhord faoi. Lena chois sin, tá NSAI faoi réir athbhreithnithe creidiúnaithe, bainistíochta cáilíochta agus athbhreithnithe eile chomh maith a dhéanann tríú páirtithe agus a bhreithníonn an lucht Bainistíochta.

Tá coistí Rialachais agus Ainmniúcháin ag NSAI ina gcuimsítear comhaltaí boird agus faomhadh an Bord na téarmaí tagartha. Soláthraíonn na coistí sin tuarascálacha rialta don Bhord.

Tá creat agus próiseas bainistíochta riosca foriomlán ag NSAI lena bhfuil beartas bainistíochta riosca agus ráiteas um inghlacthacht riosca. Tá fáil ar an bpolasaí bainistíochta rioscaí do gach ball foirne. Tá Ról Príomhoifigigh Riosca ann. Breithníonn an lucht Bainistíochta an clár riosca chorparáidigh sula ndéanann an CIR athbhreithniú air agus sula gcuirtear i láthair an Bhoird é. Tá bainistíocht riosca ina hítim rialta ar chlár oibre an Bhoird.

Tá bearta déanta ag an mBord lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Cód Iompair Ghnó lena gceanglaítear ar na comhaltaí Boird, ar an lucht bainistíochta agus ar na baill foirne na caighdeáin eiticíúla is airde a choimeád,
- comhlíonadh cheanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí a chinntiú,
- beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht ar fheidhmíocht na foirne agus forbairt ghairmiúil leanúnach,
- athbhreithnithe córasacha ag Iniúcháireacht Inmheánach na gceisteanna maidir le rialú inmheánach agus rioscaí,
- nósanna imeachta taifeadta le haghaidh na bpríomhphróiseas tábhachtacha gnó ar fad,
- cláir shonracha oiliúna agus feasachta a cheaptar chun na rioscaí a shainaithnítear maidir le bagairtí reatha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn agus fadhbanna suntasacha comhlíonta a mhaolú,
- cúrsaí a fhorchoimeádtar don Bhord lena gcinneadh,
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus cuntasachta comhfhreagraí ar an leibhéal bainistíochta,
- córas cuimsitheach buiséadaithe mar aon le buiséad bliantúil atá faoi réir fhaomhadh an Bhoird
- córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ina ndírítear ar shlándáil agus athléimneacht na gcórais teicneolaíochta faisnéise,
- córais rialaithe airgeadais i bhfeidhm chun maoirseacht na n-acmhainní airgeadais agus cosaint sócmhainní a chinntiú,
- nósanna imeachta chun laigí suntasacha rialaithe a chinneadh agus a thuairisciú agus beart ceartúcháin cuí a chinntiú.

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (ar lean)**Tionchar COVID-19 ar an gCreat Riosca agus Rialaithe**

Rinne NSAI athbhreithniú go leanúnach ar a gcreat rialaithe i ndiaidh ráig COVID-19 agus an aistriú chuig obair chianda do gach ball foirne. Fairsingíodh cláir theicneolaíochta shlána a bhí ann cheana chuig gach ball foirne leis an gcianobair a éascú agus cuireadh bearta shlándáil dhigiteach, ina measc oiliúint agus tástáil, i bhfeidhm. Áirítear tionchar na rioscaí a tháinig chun cinn de dheasca COVID-19 mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca atá ag an Údarás, agus leanfaidh NSAI uirthi ag déanamh gach beart is gá le gach riosca ábhartha a laghdú.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe in am agus i dtráth. I gcás go sainaithnítear easnaimh comhaontaítear na feabhsuithe riachtanacha leo siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus déantar an tuairisciú cuí don lucht bainistíochta, don CIR agus don Bhord de réir mar is cuí.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat lena gcuimsítear tuairisciú rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta.

Áirítear air go sonrach:

- gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe a bhaineann leo agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú,
- monatóireacht leanúnach ag an mBord ar an bplean agus buiséad bliantúil lena n-áirítear PTFanna, agus
- athbhreithnithe rialta ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil na feidhmíochta airgeadais agus neamhairgeadais araon ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne buiséad agus cuspóirí.

Soláthar

Tá oifigeach soláthair tiomanta/feidhm soláthair tiomanta ag NSAI. Mar chuid de na socruithe soláthair, tá plean bhliantúil soláthair, seoladh an t-eolas is déanaí maidir le soláthar do bhainisteoirí go rialta, úsáid Creatáí OGP, agus úsáid mionchomórtais de réir riachtanais na heagraíochta.

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachtaí i bhfeidhm ag NSAI lena chinntiú go gcloítear le na rialacha agus treoirínte soláthair atá ann, agus dearbhaímid gur chloí NSAI le na nósanna imeachtaí sin le linn 2020, seachas cás amháin soláthair gan tairiscintí iomaíocha a lorg a bhí bainteach le thionscnamh píolótach do sheirbhísí saotharlainne le tástáil Comhréireacht In-Seirbhíse (CIS) a dhéanamh ar fheithiclí a dheimhnigh NSAI a chur ar fáil le dul i ngleic le Rialúchán 2018/1832 (AE) ón gCoimisiún. Bronnadh an conradh le luach measta €60,000, agus bhíodar in ann costais an chonartha a fháil ar ais ón déantóir Ní dhearnadh íocaíochtaí ar bith in 2020. I ndiaidh measúnú iomlán riachtanais CIS agus an tionscnamh píolótach, rinneadh tairiscint iomláin i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus bronnadh conradh ilbhliantúil i mí na Nollag 2020.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag NSAI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú NSAI ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de NSAI a bhfuil sé de fhreagracht orthu an creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhnímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha do 2020 ag cruinniú an Bhoird an 26 Feabhra 2021. Cuireadh bonn eolais faoin athbhreithniú le tuarascáil fhoirmiúil ar na córais rialaithe inmheánaigh a rinne an CIR agus dearbhuithe ó iniúchtaí inmheánach, a breithníodh orthu mar mhír ar chlár oibre chruinniú an CIR an 12 Feabhra 2021.

Ceisteanna um Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh lochtanna ar bith sa rialú inmheánach a mbeadh caillteanais ábhartha mar thoradh orthu i ndáil le 2020 lena gceanglaítear nochtadh sna ráitis airgeadais. Rinneadh nochtadh toilteanach gan iarraidh ag na Coimisinéirí loncaim in 2019 mar gheall ar cur i bhfeidhm na cánach conarthaí cuí. D'iarr an NSAI go ndéanfaí machnamh ar éileamh gan cailleadh ar ioncaim agus go nglactar leis an bpionós is lú, €5,000, a leagtar síos faoi chód cleachtais na gCoimisinéirí loncaim, mar an bpionós cuí. Tá an ábhar seo faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim.

Thar ceann an Bhoird:



JAMES KENNEDY
Cathaoirleach
30 Lúnasa 2021



GERALDINE LARKIN
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
30 Lúnasa 2021

AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 8 den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas comhdhlúite ioncain agus caiteachais agus cúlchistí ioncain coimeáda
- an ráiteas comhdhlúite ar an ioncam cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas NSAI ar staid airgeadais
- ráiteas comhdhlúite maidir le sreafaí airgid thirim agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann amháil an 31 Nollaig 2020 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas le haghaidh 2020 de réir an Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Béim ar ábhar - maoiniú pinsean iarchurtha

Gan mo thuairim a cháilióchtú tarraingím aird ar nóta 12 (c) leis na ráitis airgeadais. Aithníonn an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann sócmhainn i ndáil le maoiniú sochar scoir iarchurtha - soláthróidh an Stát luach reatha an chistithe a thuarann sé amach anseo chun dliteanais sochar scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Tá bonn tuisceana ag baint le hionramháil sin na cuntasaíochta go ndéanfar ioncam ar bith a ghinfidh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann ar an gcéad dul síos a úsáid i gcomhair speansais reatha agus go n-íocfar as maoiniú an Stáit easnamh reatha ar bith nó easnamh amach anseo ar bith sna hacmhainní lena n-áirítear dliteanais sochar scoir amach anseo.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear ann an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas um rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht. Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.



ANDREW HARKNESS

Thar ceann an tArd-Reachtair
Cuntais agus Ciste
8 Meán Fómhair 2021

AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE (ar lean)**Aguisín leis an tuarascáil****Freagrachtaí na gComhaltaí Boird**

Faoi mar atá mionsonraithe sa ráiteas maidir le rialachas agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 8 den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáiocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuiriscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 8 den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann 1996 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údarais um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuiriscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithear míthuirisc ábhartha, más ann di, le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna. D'fhéadfadh míthuiriscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuirisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúcháireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuirisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nochtadh lena mbaineann.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh chuntasáiochta agus, ar bhonn na fianaise iniúcháireachta a fhaighim, agus maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena gcaithfí amhras suntasach ar chumas an Údarais um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo a bheith ina gcúis leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh ina léirítear cur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht acu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithnínm le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim d'iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

COMHALTAÍ BOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Bord NSAI

Tá Comhaltaí Boird NSAI, a cheapann an tAire Fiontar, Trádáil, agus Nuálaíochta, comhdhéanta dóibh seo a leanas:

Comhaltaí Boird

An tUasal J. Kennedy - Cathaoirleach

G. Larkin Uasal - Príomhfheidhmeannach

An tUasal R. Blackburn - d'éirí ag an bpost
14ú Aibreán 2020

An tUasal V. Bowens

An tUasal P. Devereux

An tUasal W. Egerton - Ceapadh chun poist
17 Meán Fómhair 2020

Ms. E Felten - Ceapadh chun poist
17 Meán Fómhair 2020

An tUasal A. Gleeson - Ceapadh chun poist
17 Meán Fómhair 2020

A. Goggín Uasal

An tUasal T. Landers - d'éirí as an bpost
14 Aibreán 2020

M. McKeown Uasal

An Dr. A. O'Boyle - d'éirí as an bpost an
14 Aibreán 2020

An tUasal M. O'Connell

An tUasal B. Smith

An tUasal C. Verdon - Ceapadh chun poist an
16 Aibreán 2019

Rúnaí an Bhoird

An tUasal P. Bracken

Eolas ginearálta

Ceannoifig

1 Cearnóg Swift,
An Choill Thuaidh,
Seantrabh,
Baile Átha Cliath 9.

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1.

Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann, cpt.

Aturnaetha

Eversheds Sutherland

RÁITEAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020


	Nótaí	2020 €	2019 €
Ioncam	2	21,965,271	25,161,735
Caiteachas			
Speansais riaracháin agus ghinearálta	3	24,952,009	27,051,117
Costas sochar scoir	12(a)	3,610,633	4,362,688
		28,562,642	31,413,805
Costais Oibriúcháin roimh Dheontais		(6,597,371)	(6,252,070)
Deontas an Oireachtais	4	5,798,000	5,853,685
Costais Oibriúcháin Ghlan don Bhliain		(799,371)	(398,385)
Aistriú go cuntas caipitil	5	(100,543)	(194,593)
Coigeartú aistriúcháin		(174,739)	55,279
Aistriú (ón) / go cúlchistí don bhliain		(1,074,653)	(537,699)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		6,214,246	6,751,945
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		5,139,593	6,214,246

Tá an ráiteas comhdhlúite maidir le sreafaí airgid thirim agus na Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:



JAMES KENNEDY
Cathaoirleach
30 Lúnasa 2021



GERALDINE LARKIN
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
30 Lúnasa 2021

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR AN IONCAM CUIMSITHEACH

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
Cúlchistí / (easnamh) don bhliain i ndiaidh leithreasáí		(1,074,653)	(537,699)
Cailteanas ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	12(d)	(1,056,000)	(12,134,000)
Athruithe i dtuairimí a chuireann bonn faoi luach reatha oibleagáidí sochair scoir		(8,825,000)	(10,520,000)
Iomlán na gcaillteanas achtúireach sa bhliain		(9,881,000)	(22,654,000)
Coigeartú go dtí cistiú sochair scoir a cuireadh siar	12(b)	9,881,000	22,654,000
Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain		(1,074,653)	(537,699)

Tá an ráiteas comhdhlúite maidir le sreafaí airgid thirim agus na Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:



JAMES KENNEDY
Cathaoirleach
30 Lúnasa 2021



GERALDINE LARKIN
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
30 Lúnasa 2021

RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS

Amhail an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
Sócmhainní neamhreatha			
Maoín, gléasra agus trealamh	6	3,739,219	3,639,432
Sócmhainní reatha			
Earraí infhaighte	8	5,253,094	6,320,168
Airgead Tirim agus coibhéisí airgid thirim		2,241,848	1,997,676
		7,494,942	8,317,844
Dlíteanais reatha (dlíte < 1 bhliain)			
Suimeanna iníoctha	9	2,355,349	2,103,598
Glansócmhainní reatha		5,139,593	6,214,246
Iomlán na sócmhainní lúide dlíteanais reatha roimh Phinsin		8,878,812	9,853,678
Sochair scoir			
Sócmhainn mhaoinithe sochar scoir iarchurtha	12(c)	128,050,000	114,881,000
Oibleagáidí sochar scoir	12(b)	(128,050,000)	(114,881,000)
		-	-
Glansócmhainní		8,878,812	9,853,678
Léirithe ag			
Cuntas caipitil	5	3,739,219	3,639,432
Cúlchistí ioncaim coimeádta		5,139,593	6,214,246
		8,878,812	9,853,678

Tá an ráiteas comhdhlúite maidir le sreafaí airgid thirim agus na Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:



JAMES KENNEDY
Cathaoirleach
30 Lúnasa 2021



GERALDINE LARKIN
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
30 Lúnasa 2021

RÁITEAS NSAI AR STAID AIRGEADAIS

Amhail an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €	2019 €
Sócmhainní neamhreatha			
Maoín, gléasra agus trealamh	6	3,701,779	3,602,534
Sócmhainní reatha			
Earraí infhaighte	8	4,121,238	4,253,221
Airgead Tirim agus coibhéisí airgid thirim		893,753	1,052,486
		5,014,991	5,305,707
Dlíteanais reatha (dlíte < 1 bhliain)			
Suimeanna iníoctha	9	6,391,031	5,480,706
Glansócmhainní reatha		(1,376,040)	(174,999)
Iomlán na sócmhainní lúide dlíteanais reatha roimh Phinsin		2,325,739	3,427,535
Sochair scoir			
Sócmhainn mhaoinithe sochar scoir iarchurtha	12(c)	128,050,000	114,881,000
Oibleagáidí sochar scoir	12(b)	(128,050,000)	(114,881,000)
		-	-
Glansócmhainní		2,325,739	3,427,535
Léirithe ag			
Cuntas caipitil	5	3,701,779	3,602,534
Cúlchistí ioncaim coimeádta		(1,376,040)	(174,999)
		2,325,739	3,427,535

Tá an ráiteas comhdhlúite maidir le sreafaí airgid thirim agus na Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:



JAMES KENNEDY
Cathaoirleach
30 Lúnasa 2021



GERALDINE LARKIN
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
30 Lúnasa 2021

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREAFÁÍ AIRGID THIRIM

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020


	Nótaí	2020 €	2019 €
Glansreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Costais Oibriúcháin Ghlan don Bhliain		(799,371)	(398,385)
Ús bainc		(1,028)	(1,870)
Muirear dímhéasa	6	678,628	619,636
Brabús ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh		(14,347)	(1,842)
(Méadú)/laghdú ar earraí infhaighte		1,067,074	(603,437)
Méadú ar shuimeanna iníoctha		251,751	284,464
Coigeartú ar aistriúchán airgeadra		(174,739)	55,279
Glansreabhadh airgid (eis-sreabhadh)/insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		1,007,968	(46,155)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe			
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil	6	(779,171)	(814,229)
Fáltais ar dhíol maoine, gléasra agus trealaimh		14,347	1,842
Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe		(764,824)	(812,387)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Ús bainc		1,028	1,870
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		1,028	1,870
(Glanlaghdú)/glanmhéadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		244,172	(856,672)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		1,997,676	2,854,348
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig		2,241,848	1,997,676

The consolidated statement of cash flows and Notes 1 to 19 form part of the consolidated financial statements.

Thar ceann an Bhoird:



JAMES KENNEDY
JAMES KENNEDY
Cathaoirleach
30 Lúnasa 2021



GERALDINE LARKIN
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
30 Lúnasa 2021

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha arna nglacadh ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann in ullmhú na ráiteas airgeadais sin leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

Eolas ginearálta

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an 14 Aibreán 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Sainítear feidhmeanna reachtúla NSAI laistigh de na hAchtanna seo a leanas:

- An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann 1996;
- An tAcht Méadreolaíochta, 1996;
- An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980.

Soláthraíonn NSAI an bonneagar sin trí na príomhchláir um méadreolaíocht, um chaighdeánú, um méadreolaíocht dhlíthiúil le haghaidh na dtomhas agus na n-uirlisí meá a úsáidtear sa trádáil agus i measúnú comhréireachta.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann.

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€), arb é sin airgeadra feidhmiúil an Údaráis chomh maith.

Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo i gcomhréir leis an reachtaíocht chuí, agus le FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa RA agus i bPoblacht na hÉireann a chuireann amach Ciste Tuairiscithe Airgeadais RA.

An bunús le comhdhlúthú

Is iad na ráitis chomhdhlúite airgeadais torthaí an Údaráis agus a fho-chomhlacht faoi lánúinéireacht, NSAI Inc. Cuireadh NSAI Inc. ar bun in New Hampshire, SAM, ar an 1 Iúil 1997 mar chorporáid neamhbhrabúis; amharc Nóta 13 le haghaidh tuilleadh sonraí. Is mar an gcéanna beartais chuntasaíochta na focuideachta agus beartais chuntasaíochta an Údaráis.

Bunús an ullmhaithe

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas le haghaidh sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachálacha córa atá mínithe sna polasaithe cuntasaíochta atá thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le láimhseáil míreanna a meastar iad a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais chomhdhlúite NSAI.

Ioncam

Tugtar cuntas maidir leis an ioncam uile, seachas Deontas an Oireachtais, don tréimhse inar tuilleadh é. Caitear le táillí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta nuair a sholáthraítear an tseirbhís.

Deontas an Oireachtais

Aithnítear deontais an Oireachtais ag baint úsáid as an tsamhail feidhmíochta. Aithnítear deontas nach bhforchuirtear coinníollacha sonracha maidir le feidhmíocht amach anseo ar an bhfaighteoir leis mar ioncam nuair a fhaightear fáltas an deontais. Ní aithnítear deontas lena bhforchuirtear coinníollacha sonracha maidir le feidhmíocht amach anseo ar an bhfaighteoir mar ioncam go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le feidhmíocht amháin.

Aistriú airgeadraí coigríche

(a) Idirbhearta airgeadraí eachtraigh

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú ag an ráta malairte a bhíonn i réim ar dháta an Tuairiscithe. Déantar ioncam agus speansais a aistriú ag an ráta malairte a bhíonn i réim ar dháta na n-idirbheart bunaidh. Déileáiltear le brabúis agus caillteanais a thagann as aistriúcháin airgeadra coigríche ar shocrú na suimeanna infhála agus na suimeanna iníochta sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta.

(b) Oibríochtaí eachtracha

Agus torthaí na hoibríochta eachtraí á n-aistriú lena gcur sna ráitis airgeadais, déantar sócmhainní agus dliteanais a aistriú ag an ráta malairte a bhíonn i réim ar dháta an Tuairiscithe. Aithnítear an difríocht san aistriúchán a thagann as athráiteas na n-oibríochtaí eachtracha in airgeadra feidhmiúil an euro i ngeall ar athruithe sna rátaí malairte, sna cúlchistí (an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta faoin gceannteideal “coigeartú aistriúcháin” i ndáil le hítimí airgeadaíochta agus sa Chuntas Caipitil i ndáil le difríochtaí athaistriúcháin sócmhainní seasta.) Déantar ioncam agus speansais a aistriú ag meánrátaí malairte tréimhsí míosúla. Aithnítear difríocht ar bith san aistriúchán a dhéantar i gcomparáid le ráta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais i gcúlchistí na hoibríochta chomh maith.

Maoin, gléasra agus trealamh

Sonraítear maoin, gléasra agus trealamh, ar leis an NSAI iad, ag an gcostas lúide dímheas carntha agus déantar iad a choigeartú i ndáil le soláthar ar bith i gcomhair bearnú. Cuirtear san áireamh le Talamh agus Foirgnimh an talamh atá sealbhaithe ar a bhfuil lorg na bhfoirgneamh. Ríomhtar dímheas chun an costas lúide luach iarmharach ionchasach gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid chothroim mar a leanas:

i. Trealamh, Daingneáin & Feistithe	5 Bliana
ii. Ríomhairí	3 Bliana
iii. Talamh agus Foirgnimh	50 Bliain
iv. Mótarfheithiclí	5 Bliana

Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh chostais measta na diúscairthe a asbhaint, amhail dá mba rud é go raibh an tsócmhainn den aois agus den bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fóna.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le bearnú i luach sócmhainne, aithneofar caillteanas bearnaithe sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta sa bhliain.

Cuntas caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus ioncam ó dheontais a úsáidtear chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach agus scríobhtar síos é ar aon dul le beartais dímheasa agus athluachála na sócmhainní gaolmhara.

Earraí infhaighte

Aithnítear earraí infhaighte ag an luach cóir, lúide soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha. Déantar an soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha i gcoinne féichiúnaithe amhrasacha sonracha agus soláthar breise i gcoinne fiacha trádála eile i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh NSAI nó NSAI Inc ábalta an t-airgead ar fad atá dlite a íoc. Sonraítear gach gluaiseacht sa soláthar le haghaidh fiacha amhrasach sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta.

Léasanna oibríucháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibríucháin sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin i gcás go bhfuil méaduithe cíosa ann atá bainteach leis an ráta ionchais boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe nuair a thabhaítear iad. Aithnítear dreasachtaí a bith a fhaightear thar shaolré an léasa.

Sochair fostaithe

(a) Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus cuimsítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana i bhfigiúir na Suimeanna iníochta sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

(b) Sochair Scoir

Aithnítear idirbhearta pinsin, gluaiseachtaí agus iarmhéideanna sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta, sa Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach agus sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais i gcomhréir le ceanglais Alt 28 de FRS 102: Sochair Fostaithe.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE (ar lean)**Scéim Aoisliúntais NSAI**

Feidhmíonn NSAI scéim pinsean sochair shainithe a mhaoinítear ar bhonn bliantúil ar bhonn íoc mar a thuilltear ó airgead atá ar fáil di, lena n-áirítear airgead a thugann an Roinn Fiontar, Trádála, agus Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail ball foirne.

Léiríonn costais sochar scoir sochair phinsin a thuilleann na fostaithe, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíocht pinsin ball foirne a choimeádann NSAI. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála, agus fritháirítear é le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachas agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach don bhliain ina dtabhaítear iad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn na hoibleagáidí sochar scoir luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú sochar scoir iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a aisghabhfar i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Feidhmíonn NSAI Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”) chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í le haghaidh fostaithe sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Tháinig tús le seoltáin ranníocaíochta an fhostóra go RCPA ar an 1 Eanáir 2019.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill scéimeanna sochair pinsean a shainíonn an tseirbhís phoiblí ranníocaíocht aoisliúntais bhreise (RAB) a shíolraíonn ón gComhaontú Cobhsaíochta Seirbhís Phoiblí (2018-2020) agus an Acht um Pá agus Pinsean na Seirbhíse Poiblí 2017. Cuirtear RAB in ionad na hasbhainte maidir le pinsin (AMP) a tháinig deireadh léi ag deireadh 2018. Cé gurb beart éigeandála sealadach a bhí san AMP, is ranníocaíocht bhuan í RAB maidir le íocaíocht inphinsin. Déantar an asbhaint a bhailiú agus a tharchur chuig an Roinn Fiontar, Trádála, agus Fostaíochta (féach Nóta 3).

Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana áirithe a dhéanamh a théann i gcion ar na méideanna le haghaidh na sócmhainní agus na ndliteanas amhail deireadh na bliana agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas le linn na bliana. É sin ráite, ciallaíonn an mbealach a oibríonn an meastachán go bhféadfadh na fiorthorthaí bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Tá an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

(a) Bearnú ar mhaoin, gléasra agus trealamh

Déantar sócmhainní atá faoi réir dímheasa a athbhreithniú i gcomhair bearnú i gcás go léirítear in imeachtaí nó in athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach mbeadh an suim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnaithe maidir leis an méid lena sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is ionann an méid in-aisghabhála agus an luach cóir lúide an costas leis an tsócmhainn a dhíol agus a luach in úsáid, cibé acu is airde. Chun measúnú a dhéanamh ar bhearnú, cuirtear na sócmhainní i ngrúpaí ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid thirim is féidir a aithint ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid thirim). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a raibh bearnú iontu le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ag gach dáta tuairiscithe.

(b) Oibleagáid sochar scoir

Déantar na boinn tuisceana is bonn leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaire, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta costais ar chúram sláinte) a nuashonrú ar bhonn bliantúil ar bhonn na ndálaí eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh athruithe ábhartha ar bith ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus pleananna iarscoir.

D'fhéadfadh siad seo a leanas dul i gcion ar na boinn tuisceana:

- i. an ráta lascaire, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- ii. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí a mhargaidh shaothair amach anseo
- iii. ráta treochta costais ar chúram sláinte, ráta boilscithe an chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

2. Ioncam

	Nótaí	2020 €	2019 €
Táillí deimhniúcháin		18,475,941	20,954,503
Díol caighdeán		1,140,067	1,080,435
Ioncam Eile		215,235	284,927
Ús bainc		1,028	1,870
		19,832,271	22,321,735
Glanmhaoiniú sochar scoir iarchurtha	12(c)	2,133,000	2,840,000
		21,965,271	25,161,735

Is toradh é an laghdú seo ar ioncam Deimhniúcháin in 2020 den tionchar a bhí ag paidéim COVID-19 ar an ngnó in Éirinn agus i Meiriceá. Aistríodh seirbhísí chuig timpeallacht chianobair, agus rinneadh iniúchtaí fíorúla pé áit ab fhéidir agus ba cheadmhach faoi rialúcháin iniúchta. Rinneadh iniúchtaí suímh i gcomhréir le srianta COVID-19 i rith tréimhsí nuair a bhí sna srianta sin maolaithe.

3. Speansais riaracháin agus ghinearálta

	Nótaí	2020 €	2019 €
Pá	3(a)	14,468,960	13,103,183
Luach saothair agus speansais na gcomhaltaí Boird	14	51,437	71,662
Speansais taistil	3(b)	422,795	1,432,445
Fochonraitheoirí	3(c)	4,426,847	6,111,643
Soláthar Seirbhíse Seachtraí		302,971	696,570
Sainchomhairleoireacht	3(d)	119,094	187,662
Cíosanna, rátaí, deisiúcháin agus cothabháil		1,567,975	1,724,438
Costais oibriúcháin eile	3(e)	2,147,247	2,373,838
Brabús um diúscairt maoine, gléasra agus trealamh		(14,347)	(1,842)
Síntiúis le heagraíochtaí		780,402	731,882
Dímheas	6	678,628	619,636
		24,952,009	27,051,117

Is toradh é an laghdú seo i gcostais ar an tionchar a bhí paidéim COVID-19 thar roinnt mhaith réimse caiteachais. Léiríonn na laghduithe móra caiteachais gníomhaíochtaí deimhnithe laghdaithe, tionchar srianta taistil agus tionscnaimh ar mhaithe le spáráil costais.

(a) Pá	Nótaí	2020 €	2019 €
Pánna agus tuarastail		13,249,600	11,992,075
Ragobair		51,690	62,152
Liúntais		96,926	84,672
Costais leasa shóisialaigh		1,082,546	968,748
Costais aoisliúntais		(11,802)	(5,094)
		14,468,960	13,103,183

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE (ar lean)

Baineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise dar luach €428,059 (2019: €462,215) ó thuarastail agus íocadh iad seo leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Rinneadh asbhaintí na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair dar luach €149,907 (2019: €107,493) a asbhaint ó thuarastail fostaithe agus a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Níor íocadh aon íocaíochtaí dífhostú i 2020.

B'ionann líon na ndaoine a bhí fostaithe (coibhéis lánaimseartha) amhail an 31 Nollaig 2020 agus 180. (2019: 180).

(b) Speansais Taistil:

Tá ceannoifig NSAI suite ag Cearnóg Swift, Seantrabh agus tá oifigí agus ionaid réigiúnacha aige ar fud na hÉireann. Tá oifig fhóchuideachta aige chomh maith in Nashua, New Hampshire, SAM. Meastar gur Taisteal Idirnáisiúnta é taisteal ar bith lasmuigh d'Éirinn do gach ball foirne atá lonnaithe in Éirinn. Le haghaidh Baili Foirne atá lonnaithe i SAM, meastar gur taisteal Intíre é taisteal ar bith laistigh de SAM, agus meastar gur taisteal Idirnáisiúnta é taisteal ar bith lasmuigh de SAM. B'ionann iomlán na gcostas a tabhaíodh maidir le taisteal agus cothú Intíre in 2020 agus €343,525 (2019 : €1,116,646). B'ionann iomlán na gcostas a tabhaíodh maidir le taisteal agus cothú Idirnáisiúnta in 2020 agus €79,270 (2019 : €315,799).

(c) Fochonraitheoirí

bíonn costaisí fochonraitheora bainteach le húsáid speisialtóirí saineolach a bhíonn gafa ag cur gníomhaíochtaí giniúna ioncaim NSAI i gcrích.

(d) Comhairleacht

Áirítear le costais chomhairleachta an chostas ar chomhairle sheachtrach don fhoireann bainistíochta agus ní áirítear leis sin feidhmeanna 'gnó mar is gnáth' a rinneadh go seachtrach.

	2020 €	2019 €
Acmhainní Daonna agus Pinsin	18,430	43,586
Comhairle dhlíthiúil	74,318	107,993
Airgeadas/Achtúireach	3,950	7,100
Eile	22,396	28,983
	119,094	187,662

(e) Costais Oibriúcháin Eile

	2020 €	2019 €
Fógraíochta, Margaíocht agus Caidreamh Poiblí	209,233	365,474
Costais TFC	561,816	563,300
Cumarsáid, Priontáil & Foilseacháin	404,634	431,879
Costais Airgeadais	278,656	163,659
Árachas	337,433	259,629
Forbairt na Foirne	158,486	301,498
Costais Earcaíochta	10,275	32,910
Táille Iniúcháireachta - an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste	26,950	24,500
Táille Iniúcháireachta- Táillí Iniúcháireachta Imheánaí	17,875	36,656
Costais Oibriúcháin Eile	141,889	194,333
	2,147,247	2,373,838

(f) Caiteachas fáilteachais:

B'ionann costais fáilteachais in 2020 agus €6,484 (2019: €22,210), i measc sin €2,055 caite ar fháilteachas cliaint (2019: €10,583) agus €4,429 caite ar rannpháirtíocht fostaithe/folláine foirne (2019: €11,627). Áirítear ar rannpháirtíocht fostaithe/leas ball foirne ranníocaíocht i gcomhair imeachtaí club shóisialta na mball foirne agus cleachtaí forbartha na foirne.

(g) Miondealú ar shochair fostaithe:

Déantar catagóirí ar shochair ghearrtéarmacha fostaithe sa bhreis ar €60,000 sna bandaí seo a leanas:

Raon iomlán sochair fostaithe	Líon na bhfostaithe 2020	Líon na bhfostaithe 2019
€60,000 - €69,999	32	21
€70,000 - €79,999	12	13
€80,000 - €89,999	22	30
€90,000 - €99,999	14	7
€100,000 - €109,999	6	6
€110,000 - €119,999	5	2
€120,000 - €129,999		
€130,000 - €139,999		
€140,000 - €149,999		1
€150,000 - €159,999	1	

Ní áirítear ar na figiúirí sonraí NSAI Inc toisc go bhfuil siad fostaithe ag NSAI Inc seachas NSAI.

4. Deontas an Oireachtais

	2020 €	2019 €
Deontas maidir le speansais riaracháin agus ghinearálta	5,798,000	5,853,685

Cuireann an Roinn Fiontar, Trádála, agus Fostaíocht aDeontas an Oireachtais ar fáil agus inti tá suim €500,000 (2019: €500,000) maidir le ceannacháin caipitil le linn na bliana. Tagann an maoiniú ó Vóta 32, Fotheideal A.6.

5. Cuntas caipitil

	2020 Grúpa €	2020 NSAI €	2019 Grúpa €	2019 NSAI €
Amhail an 1 Eanáir	3,639,432	3,602,534	3,443,395	3,382,553
Gluaiseachtaí ar mhaoín, gléasra agus trealaimh	100,543	99,245	194,593	219,981
Aistriú chuig loncam agus Cúlchistí Caiteachais agus loncaim Coinnithe	100,543	99,245	194,593	219,981
Coigeartú ar aistriúchán airgeadra	(756)		1,444	
Amhail an 31 Nollaig	3,739,219	3,701,779	3,639,432	3,602,534

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE (ar lean)

6. Maoin, gléasra agus trealamh

Grúpa	Trealamh, Daingneáin & Feistithe €	Trealamh ríomhairí €	Talamh agus Foirgnimh €	Mótarfheithiclí €	Iomlán €
Costas:					
Amhail an 1 Eanáir 2020	5,502,000	5,021,561	4,367,820	350,183	15,241,564
Breiseanna	299,382	432,497	20,660	26,632	779,171
Diúscairtí		(3,782)		(14,824)	(18,606)
Coigeartú aistriúcháin	(1,883)	(21,374)	(6,257)		(29,514)
Amhail an 31 Nollaig 2020	5,799,499	5,428,902	4,382,223	361,991	15,972,615
Dímheas:					
Amhail an 1 Eanáir 2020	4,716,340	4,423,000	2,137,761	325,031	11,602,132
Muirear don bhliain	262,096	330,468	76,986	9,078	678,628
Diúscairtí		(3,782)		(14,824)	(18,606)
Coigeartú aistriúcháin	(1,908)	(20,516)	(6,334)		(28,758)
Amhail an 31 Nollaig 2020	4,976,528	4,729,170	2,208,413	319,285	12,233,396
Glanluach Leabhar:					
Amhail an 1 Eanáir 2020	785,660	598,561	2,230,059	25,152	3,639,432
Glanghluaiseacht don bhliain	37,286	102,029	(56,326)	17,554	100,543
Coigeartú aistriúcháin	25	(858)	77		(756)
Amhail an 31 Nollaig 2020	822,971	699,732	2,173,810	42,706	3,739,219
NSAI	Trealamh, Daingneáin & Feistithe €	Trealamh ríomhairí €	Talamh agus Foirgnimh €	Mótarfheithiclí €	Iomlán €
Costas:					
Amhail an 1 Eanáir 2020	5,478,965	4,760,068	4,291,329	350,183	14,880,545
Breiseanna	295,877	399,941	20,660	26,632	743,110
Diúscairtí		(3,782)		(14,824)	(18,606)
Amhail an 31 Nollaig 2020	5,774,842	5,156,227	4,311,989	361,991	15,605,049
Dímheas:					
Amhail an 1 Eanáir 2020	4,695,023	4,187,556	2,070,401	325,031	11,278,011
Muirear don bhliain	260,012	306,997	67,778	9,078	643,865
Diúscairtí		(3,782)		(14,824)	(18,606)
Amhail an 31 Nollaig 2020	4,955,035	4,490,771	2,138,179	319,285	11,903,270
Glanluach Leabhar:					
Amhail an 1 Eanáir 2020	783,942	572,512	2,220,928	25,152	3,602,534
Glanghluaiseacht don bhliain	35,865	92,944	(47,118)	17,554	99,245
Amhail an 31 Nollaig 2020	819,807	665,456	2,173,810	42,706	3,701,779

7. Maoin

Áitíonn NSAI áitribh ag roinnt suíomhanna. Tá ár gceannoifig suite ag 1 Cearnóg Swift, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9. Tá na háitribh sin faighte ar léas, chuathas isteach sa léas i mí Eanáir 2008 ar feadh tréimhse 20 bliain. Rinneadh athbhreithniú ar chíos in 2018. Tá an chéad athbhreithniú cíosa 5 bliana le déanamh i mí Eanáir 2023, agus clúdóidh seo an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí mí na Nollaig 2027.

Tá Oifigí Réigiúnacha ag NSAI i Luimneach agus i SAM. Tá oifig Luimnigh suite ag Bóthar Pháirc Plassey, an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh. Is le NSAI na háitribh sin. Tá oifig réigiúnach sna Stáit Aontaithe suite ag 20 Cearnóg Trafalgar, Nashua, NH 03063, SAM. Tá na háitribh seo ar cíós; chuathas isteach sa léas i mí Meán Fómhair 2015 le haghaidh tréimhse 5 bliana agus cuireadh 5 bliana sa bhreis leis in 2020.

Tá Saotharlann Náisiúnta Mhéadreaíochta NSAI suite ag Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Is le NSAI an t-áitreabh sin. Tá líon Ionaíd Réigiúnacha Seirbhíse na Méadreaíochta Dlíthiúla ag NSAI. Tá na hionaid sin suite i gCorcaigh, Luimneach, Baile Átha Cliath, Sligeach, Dún Dealgan, Port Láirge agus Gaillimh. Is le NSAI na háitribh sin ar fad.

8. Earraí infhaighte

	2020 Grúpa €	2020 NSAI €	2019 Grúpa €	2019 NSAI €
Earraí infhaighte trádála	3,316,721	2,353,475	4,037,129	2,261,206
Ioncam fabhráithe	920,429	834,592	1,317,102	1,095,314
Réamhíocaíochtaí	1,015,944	933,171	965,937	896,701
	5,253,094	4,121,238	6,320,168	4,253,221

Tá na hearraí infhaighte ar fad dlite laistigh de bhliain amháin. Tá na hearraí infhaighte trádála ar fad dlite laistigh de ghnáth-théarmaí an Údaráis. Taispeántar earraí infhaighte trádála glan ó bhearnú i ndáil le fiacha amhrasacha. Taispeántar an ghluaiseacht ar an mbearnú i ndáil le fiacha amhrasacha mar seo a leanas:

	2020 Grúpa €	2020 NSAI €	2019 Grúpa €	2019 NSAI €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	536,389	374,616	534,920	346,150
Úsáidte sa bhliain	-	-	-	-
Coigeartú soláthair	145,041	118,507	1,469	28,466
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	681,430	493,123	536,389	374,616

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE (ar lean)**9. Suimeanna iníoctha (dlite <1 bhliain)**

	2020 Grúpa €	2020 NSAI €	2019 Grúpa €	2019 NSAI €
Suimeanna iníoctha trádála	178,130	156,564	33,467	27,843
Suimeanna iníoctha agus fabhruithe eile	1,185,819	1,058,453	1,252,608	1,057,286
Ioncam iarchurtha	672,517	672,517	504,178	504,178
Cánachas, árachas sóisialta agus CBL	318,883	318,883	313,345	313,345
Idirchuideachta		4,184,614		3,578,054
	2,355,349	6,391,031	2,103,598	5,480,706

10. Ceangaltais léasanna oibriúcháin

B'ionann íocaíochtaí a rinneadh faoi na Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh sna ráitis airgeadais agus €871,879 (2019: €871,459). Is é seo a leanas iomlán na n-íocaíochtaí íosta léasa amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chealú:

	2020 Grúpa €	2020 NSAI €	2019 Grúpa €	2019 NSAI €
Laistigh de bhliain amháin	891,370	811,315	850,748	811,315
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	3,499,324	3,245,260	3,245,260	3,245,260
I ndiaidh cúig bliana	1,622,630	1,622,630	2,433,945	2,433,945
	6,013,324	5,679,205	6,529,953	6,490,520

11. Cánachas

Tá an tÚdarás díolmhaithe ó chánachas ar a ioncam.

12. Costas sochar scoir

(a) Anailís ar iomlán na gcostas sochar scoir a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

	2020 €	2019 €
Costais seirbhísí reatha - Scéim NSAI	2,304,000	2,833,000
Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir - Scéim NSAI	1,241,000	1,614,000
Scéim NSAI - Ranníocaíochtaí Fostaithe	(386,071)	(406,793)
Costais seirbhísí reatha - Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí	564,000	326,000
Ús ar dhliteanais scéim sochair scoir - Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí	14,000	11,000
Oiriúnú do Chostais Seirbhísí Reatha agus Ús ar an SPSPS	(578,000)	(337,000)
Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí - Ranníocaíocht an Fhostóra	451,704	322,481
	3,610,633	4,362,688

(b) Gluaiseacht ar ghlan-oibleagáidí sochar scoir le linn na bliana airgeadais

	2020 €	2019 €
Glanoibleagáid sochar scoir amhail an 1 Eanáir	114,881,000	89,050,000
Costais seirbhísí reatha - Scéim NSAI	2,304,000	2,339,000
Costais úis - Scéim NSAI	1,241,000	1,614,000
Costais seirbhísí reatha - Scéim SPSPS	564,000	269,000
Costais Úis - Scéim SPSPS	14,000	11,000
Caillteanais achtúireach	9,881,000	22,654,000
Ranníocaíochtaí baill na bpleananna	577,000	551,000
Pinsin a íocadh sa bhliain	(1,412,000)	(1,607,000)
Glanoibleagáid sochar scoir amhail an 31 Nollaig	128,050,000	114,881,000

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE (ar lean)**(c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir**

Aithníonn NSAI na méideanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhainithe le haghaidh pinsean ar bhonn sraith bonn tuisceana agus roinnt eachtraí san am a chuaigh thart. Áirítear ar na heachtraí sin an bonn reachtúil maidir le bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl fianaise ar bith ag NSAI nach leanfaidh an beartas dá dtagraítear thuas le suimeanna dá leithéid a íoc i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

B'ionann an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir arna n-aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta agus an méid seo a leanas:

	2020 €	2019 €
Maoiniú is féidir a fháil ar ais maidir le costais sochair scoir an bhliain reatha	4,123,000	4,784,000
Oiriúnú de réir Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí	(578,000)	(337,000)
Deontas Stáit a cuireadh a úsáideadh chun sochair scoir a íoc	(1,412,000)	(1,607,000)
	2,133,000	2,840,000

Is ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha ar mhaithe le sochair scoir agus €128.05m um an 31 Nollaig 2020 (2019: €114.8m).

(d) Stair na n-oibleagáidí sochar scoir

	2020 €	2019 €
Oibleagáidí sochar sainithe	128,050,000	114,881,000
Caillteanas taithí ar dhliteanais scéim sochair sainithe	(1,056,000)	(12,134,000)
Céatadán dhliteanais na scéimeanna	(0.8%)	(10.6%)

(e) Cur síos ginearálta ar na scéimeanna**Scéim Aoisliúntais NSAI**

Socrú pinsean tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea an scéim le sochar sainithe agus ranníocaíochtaí a shainítear faoi threoir rialacháin reatha 'shamplacha' scéime na hearnála poiblí. Soláthraítear leis an scéim pinsean (ochtóidí in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtó in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. An ghnáthaois scoir faoin scéim seo ná an 65ú lá breithe ag an mball, agus tá sé de chead ag baill ó roimh 2004 dul ar scoir gan laghdú achtúireach ó aois 60. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus iarchur) de ghnáth ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Cuireadh tús leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") le héifeacht ón 1ú Eanáir 2013. Is comhaltai den Scéim Pinsean Aonair iad gach iontráil úr i bhfostaíocht inphinsin na seirbhísí poiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Tá an Scéim Pinsean Aonair bunaithe ar shamhail ríofa gairme. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sochair scoir bunaithe ar % de thuilleadh inphinsin i rith ghairm seirbhíse poiblí an chomhalta mar bhaill den Scéim.

(f) Luacháil scéimeanna

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 ar an luacháil achtúireach a rinne achtúire neamhspleách cáilithe i mí Feabhra 2020, agus ceanglais FRS á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar na dliteanais scéime ag an 31 Nollaig 2020.

Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha:

	2020	2019
Ráta an mhéadaithe ar thuarastail	2.40%	2.40%
Ráta an mhéadaithe ar shochair scoir atá á n-íoc	1.90%	1.90%
Ráta lascaine	0.75%	1.10%
Ráta boilscithe	1.40%	1.40%

(g) Mortlaíocht

Meáníochas saoil amach anseo de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáidtear chun na dliteanais phinsean a chinneadh.

	2020	2019
Fear 65 bliain d'aois	21.7	21.5
Bean 65 bliain d'aois	24.1	24

13. NSAI Inc

Bunaíodh NSAI Inc. in New Hampshire, SAM an 1 Iúil, 1997 mar chorparáid sheachbhrabúsach faoi lánúinéireacht NSAI chun faisnéis a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin reatha agus beartaithe na hÉireann agus caighdeáin reatha agus beartaithe AE, soláthar athbhreithnithe teicniúla agus meastóireacht ar tháirgí, ar phróisis agus ar chleachtais agus ar dheimhniúcháin chun cloí le caighdeáin AE, caighdeáin na hÉireann agus caighdeáin Idirnáisiúnta. Cuimsíodh iarmhéideanna agus idirbhearta NSAI Inc sna ráitis airgeadais seo.

Áirítear ar an mbarrachas comhdhlúite don bhliain barrachas ó oibríochtaí NSAI Inc. de €670,674 (2019: €687,916). Féach Nóta 13(a) le haghaidh achoimre ar na sonraí airgeadais.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE (ar lean)**(a) Is é seo a leanas achoimre ar shonraí airgeadais NSAI Inc:**

An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	2020 €	2019 €
Ioncam		
Táillí deimhniúcháin	5,889,710	7,726,288
Caiteachas		
Costais phá agus aoisliúntais	2,318,193	2,170,341
Speansais taistil	75,389	315,800
Fochonraitheoirí	2,284,462	3,790,410
Sainchomhairleoireacht	19,528	26,934
Cíosanna, rátaí, deisiúcháin agus cothabháil	74,234	87,051
Costais oibriúcháin eile	316,669	441,629
Síntiúis le heagraíochtaí	185,558	157,618
Dímheas	34,763	40,935
(Atáille ghlan)/glan-táille idir-chomhlachta	(89,760)	7,654
	5,219,036	7,038,372
Barrachas oibriúcháin don bhliain	670,674	687,916

Is léiriúchán ar tionchar phaindéim COVID-19 é an t-íslú ar ioncam Deimhniúchán in 2020. Aistríodh seirbhísí chuig timpeallacht chianobair, agus rinneadh iniúchtaí fíorúla pé áit ab fhéidir agus ba cheadmhach faoi rialúcháin iniúchta. Rinneadh iniúchtaí suímh laghdaithe i gcomhréir le treoirlínte COVID-19 le linn tréimhsí nuair a bhí na srianta maolaithe.

Is toradh é an laghdú seo i gcostais ar an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 thar roinnt mhaith réimse caiteachais. Léiríonn na laghduithe móra caiteachais gníomhaíochtaí deimhnithe laghdaithe, tionchar srianta taistil agus tionscnaimh ar mhaithe le spáráil costais.

An Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	2020 €	2019 €
Sócmhainní neamhreatha		
Maoín, gléasra agus trealamh	37,441	36,898
Sócmhainní reatha		
Earraí infhaighte	1,131,856	2,066,947
Airgead Tirim agus coibhéisí airgid thirim	1,348,094	945,190
Idirchuideachta	4,184,614	3,578,054
	6,664,564	6,590,191
Dliteanais reatha (dlite < 1 bhliain)		
Suimeanna iníoctha	148,934	200,949
Glansócmhainní reatha	6,515,630	6,389,242
Glansócmhainní	6,553,071	6,426,140
Léirithe ag:		
Cuntas caipitil	37,441	36,898
Cúlchistí ioncaim coimeádta	6,515,630	6,389,242
	6,553,071	6,426,140

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE (ar lean)**14. Comhaltaí Boird - nochtadh idirbheart**

Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh NSAI dul isteach i socruithe conarthacha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí Boird NSAI fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile. Ghlac NSAI nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus chloígh NSAI leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

(a) Luach saothair na stiúrthóirí – íoctha in 2020

		Nóta	2020 €
An tUasal J. Kennedy			11,929
An tUasal R. Blackburn	Éirithe as an bpost ón 14 Aibreán 2020		2,271
An tUasal V. Bowens			7,668
An tUasal P. Devereux			7,668
An tUasal W. Egerton	Ceapadh chun poist i 17 Meán Fómhair 2020		2,124
E. Felten, Uasal	Ceapadh chun poist i 17 Meán Fómhair 2020	(i)	0
A. Gleeson, Uasal	Ceapadh chun poist i 17 Meán Fómhair 2020		2,124
A. Goggin Uasal		(i)	0
An tUasal T. Landers	Éirithe as an bpost ón 14 Aibreán 2020		2,271
M. McKeown, Uasal		(i)	0
An Dr A. O'Boyle	Éirithe as an bpost ón 14 Aibreán 2020		2,271
Ms. M O'Connell			7,668
An tUasal B. Smith		(i)	0
An tUasal C. Verdon	Ionadaí DETE		0
G. Larkin, Uasal	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin		0

B'ionann iomlán luach saothair na Stiúrthóirí in 2020 agus €45,994 (2019 : €61,300)

i) Níl luach saothair iníoctha i gcomhréir le príomhaí OPOS

(b) Speansais na Stiúrthóirí

B'ionann iomlán speansais na Stiúrthóirí a íocadh go díreach le baill in 2020 agus €3,305 (2019: €10,651).

(c) Tuarastal POF

B'ionann iomlán an luach saothair a íocadh le G. Larkin, Uasal in 2020 agus €158,932 (2019 : €148,814) Tá an POF ina ball den scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair. Ní bhfuair G. Larkin, Uasal íocaíochtaí ar bith a bhain le feidhmíocht in 2020.

(d) Luach saothair an phríomhlucht bainistíochta

Meastar gur príomhlucht bainistíochta iad gach stiúrthóir, comhalta boird, an POF agus fostaithe sinsearach eile ag a bhfuil údarás agus freagracht as pleanáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí an Údaráis. B'ionann iomlán an luach saothair i ndáil leis na daoine aonair sin agus €547,335 (2019: €549,508).

15. Nochtadh Páirtí Ghaolmhar

Níl idirbhearta páirtí ghaolmhair ar bith ann.

16. Ionstraimí Airgeadais

Mar seo a leanas an anailís ar na méid iompair an trealamh airgeadais an Ghrúpa agus NSAI a bhfuil gá orthu de réir roinn 11 FRS 102:

	2020 Grúpa €	2020 NSAI €	2019 Grúpa €	2019 NSAI €
Sócmhainní Airgeadais ar threalamh airgeadais iad ar a ndéantar tomhas ag costas amúchta				
Earraí infhaighte trádála	3,316,721	2,353,475	4,037,129	2,261,206
Réamhíocaíochtaí	1,015,944	933,171	965,937	896,700
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,241,848	893,753	1,997,676	1,052,486
Dlíteanais airgeadais tomhaiste ag costas amúchta				
Suimeanna iníoctha trádála	178,130	156,564	33,467	27,843
Fabhruithe agus suimeanna iníoctha eile	1,185,819	1,058,453	1,252,608	1,057,287

17. Eachtraí ina dhiaidh sin

Leanann NSAI uirthi ag déanamh monatóireachta ar thionchar ghéarchéim reatha COVID-19 agus an tionchar atá aici ar ghníomhaíochtaí agus feidhmiú airgeadais an Údaráis. Réitítear tuartha airgeadais go rialta, agus déantar breithniú ar ioncam, costais, agus sreabhadh airgid tirim go míosúil. Rinneadh bearta le tionchar COVID-19 ar ioncam agus caiteachas smachta a mhaolú. Cuirtear tuartha airgeadais agus sreabhadh airgid thirim ar fáil don Choiste Iníúchta agus Riosca agus don Bhord. Déantar tuairisc ar an sreabhadh airgid thirim don Roinn os ár gcionn go míosúil. Táthar ag súil go mbeidh an Údarás in ann é féin a chur in oiriúint do COVID-19 agus freagraí a fhorbairt níos mó chun a tionchar a mhaolú agus sábháilteacht airgeadais a chinntiú.

18. Ceangaltais chaipitiúla

Bhí ceangaltais chaipitiúla de €288,098 ag deireadh na bliana (2019: €152,428).

19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 30 Aibreán 2021.



NSAI

Ceannoifig

1 Cearnóg Swift,
An Choill Thuaidh,
Seantrabh,
Baile Átha Cliath 9.
D09 A0E4

T +353 1 807 3800

F +353 1 807 3838

E info@nsai.ie

NSAI.ie